### Tuarascáil do Choláistí Chorca Dhuibhne

## Taighde ar Dhúshláin na gColáistí Samhraidh i gCorca Dhuibhne

# Lóistín ar Chúrsaí Gaeltachta




SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, DCU


15 Feabhra 2022


Le tacaíocht ó Chiarán Ó Loinsigh
Foireann Choláistí Chorca Dhuibhne agus na coláistí a chabhraigh leis an suirbhé.

## Clár an Ábhair


**Lóistín ar Chúrsaí Gaeltachta** ........ 1

**Achoimre fheidhmeach** ........ 1

**1 Na himpleachtaí teangan a bhaineann le lóistín a chur ar fáil i mbrú nó an modh traidisiúnta le sealbhóir tí agus an tumadh teanga a chleachtar sna Coláistí Gaeilge le cumas sa Ghaeilge a neartú.** ........ 6

**Réamhrá** ........ 6

**Léirbhreithniú Litríochta** ........ 6

**An Mhodheolaíocht** ........ 10

**Torthaí** ........ 11

**Tátal agus Moltaí** ........ 17

**2 Tuairimí oifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta** ........ 19

**Conclúid** ........ 21

**3 Tionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta, ar dhearcadh agus leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail Gaeltachta** ........ 22

**4 Léargas ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge do cheantar Chorca Dhuibhne agus na dúshláin a bhaineann le hearcú sealbhóirí tí** ........ 23

**Cúlra agus bunús** ........ 23

**5 Tátal agus moltaí** ........ 25

**Tagairtí** ........ 26

**Aguisín A: Ceisteanna d'agallaimh na stiúrthóirí** ........ 28

**Aguisín B: Ceisteanna d'agallaimh na n-iarscoláirí** ........ 29

**Aguisín C: Ceisteanna d'agallaimh le hoifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta** ........ 30

**Aguisín D: Anailís an daonáirimh** ........ 31

**Torthaí Ceistneora Concos 2022** ........ 55

# Lóistín ar Chúrsaí Gaeltachta

## Achoimre fheidhmeach

Déantar iniúchadh sa tuairisc seo ar ghnéithe éagsúla a imríonn tionchar ar an gcineál lóistín a chuirtear ar fáil do scoláirí ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá ról tábhachtach ag na cúrsaí seo ní hamháin i ngeilleagar na nGaeltachtaí ach sa gheilleagar náisiúnta chomh maith. D'aithin Ó Brolcháin (2011) tábhacht na Gaeilge mar acmhainn náisiúnta agus ról na Gaeltachta i gcaomhnú agus forbairt na hacmhainne sin ar mhaithe leis an ngeilleagar áitiúil agus le féiniúlacht na tíre. I ré an domhandaithe, tá luach ar leith ag baint le féintuiscint, féinmhuinín agus féinfhios (Ó Brolcháin, 2011). Tá buntáistí iomaíochta agus nuálaíochta ag tíortha a bhfuil na tréithe seo i measc a bpobal. Faigheann déagóirí na hÉireann, a bhfuil sé d'acmhainn ag a dtuismitheoirí, cur amach agus tuiscint ar a ndúchas trí na cúrsaí Gaeltachta. Ba chúis imní dúinn uilig dá mbeadh rud ar bith ag bagairt ar thodhchaí na gcúrsaí seo agus na pobail Ghaeltachta a chuireann iad ar fáil.

Leagtar an tuairisc amach i gceithre rannóg éagsúla de réir na réimsí seo a leanas a thiomáin an taighde:

1. Na himpleachtaí teangan a bhaineann le lóistín a chur ar fáil i mbrú nó an modh traidisiúnta le sealbhóir tí agus an tumadh teanga a chleachtar sna Coláistí Gaeilge le cumas sa Ghaeilge a neartú.
2. Tuairimí oifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta.
3. Tionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta, ar dhearcadh agus leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail Gaeltachta.
4. Léargas ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge do cheantar Chorca Dhuibhne agus na dúshláin a bhaineann le hearcú sealbhóirí tí.

Cíortar ar dtús na himpleachtaí teangan a bhaineann le lóistín a chur ar fáil i mbrú nó an modh traidisiúnta le sealbhóir tí agus an tumadh teanga a chleachtar sna Coláistí Gaeilge le cumas sa Ghaeilge a neartú. Ina dhiaidh sin, cuirtear tuairimí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta i láthair. Le cúrsaí lóistín a chur i gcomhthéacs níos leithne, déantar cur síos i rannóg a trí ar thionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta. Déantar iniúchadh ansin ar an tionchar atá ag na cúrsaí Gaeilge ar dhearcadh na bpobal Gaeltachta i leith na Gaeilge agus ar leibhéal úsáide na Gaeilge i measc na bpobal sin mar thoradh ar choláiste Gaeltachta a bheith sa cheantar. Ar deireadh, tugtar léargas ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge do cheantar Chorca Dhuibhne agus na dúshláin a bhaineann le hearcú sealbhóirí tí. Rinneadh anailís ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 maidir le comhdhéanamh na dteaghlach, teanga an tí agus go leor gnéithe eile a bheadh ábhartha maidir le hearcú sealbhóirí tí sa todhchaí agus cuirtear an t-eolas sin i láthair in Aguisín D.

Tugtar achoimre anseo ar na príomhphointí a d'eascair as na ceithre rannóg i gcorp an taighde.

### Na himpleachtaí teangan a bhaineann le lóistín a chur ar fáil i mbrú nó an modh traidisiúnta le sealbhóir tí agus an tumadh teanga a chleachtar sna Coláistí Gaeilge le cumas sa Ghaeilge a neartú

Príomhaidhm na gcúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimeoirí fásta ná foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn trí thaithí tumtha sa teanga a thabhairt do scoláirí. Ní hamháin go bhfoghlaimíonn na scoláirí an Ghaeilge sna ceachtanna foirmiúla sna seomraí ranga, ach bíonn deis acu cleachtadh lasmuigh den rang sna himeachtaí spóirt agus caitheamh aimsire a eagraítear, agus

sa lóistín. Rinne an chuid seo den taighde iniúchadh ar na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le lóistín le sealbhóir tí agus i mbrú ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de. Ghlac ceathrar stiúrthóirí a raibh taithí na mblianta acu cúrsaí Gaeilge a eagrú sa dá chineál lóistín páirt ann. Anuas air sin, cuireadh agallamh ar 15 iarscoláire.

Leag na rannpháirtithe an-bhéim ar an bhfís a bhí ag na stiúrthóirí agus lucht eagraithe na gcúrsaí agus feabhas na gcúrsaí ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de á phlé acu. Thit an cúram ar na príomhoidí an fhís sin a chur i gcrích agus labhair go leor de na hiarscoláirí faoi thiomantas an phríomhoide i leith na Gaeilge. Bhí ról an-tábhachtach ag na múinteoirí dar ndóigh sna ranganna foirmiúla. Dhírigh an taighde seo, áfach, ar an am a chaith na scoláirí sa lóistín lasmuigh de na ranganna agus na himeachtaí foirmiúla. Go minic, ba iad na ceannairí agus na sealbhóirí tí is mó a mbíodh teagmháil ag na scoláirí leo sna tréimhsí seo cé go mbíodh ról ag na múinteoirí in eagrú na n-imeachtaí seo i gcuid de na coláistí.

Tuairim shuimiúil a tháinig chun cinn ó na hiarscoláirí ná gur bhraith siad go raibh níos mó Gaeilge le foghlaim sa bhrú agus go mb’fhéidir nach raibh cuid acu réidh le leas iomlán a bhaint as na deiseanna sealbhaithe teanga le sealbhóir tí. Bhí siad den tuairim go raibh eispéireas tumtha níos déine acu i mbrú. Bhí méid áirithe Gaeilge sealbhaithe ag na scoláirí seo ina scoileanna baile ach, ar an iomlán, ní raibh an cumas acu iad féin a chur in iúl go fóill. Thug an dianchúrsa Gaeilge agus an tacaíocht leanúnach ó na ceannairí an deis dóibh an chéim sin a bhaint amach. Bhí go leor acu níos muiníní nuair a d’fhreastail siad ar chúrsaí sna blianta ina dhiaidh sin agus d’fhéadfaidís dul chun cinn níos fearr a dhéanamh trí chumarsáid a dhéanamh leis na sealbhóirí tí agus tuiscint níor fearr a bheith acu ar an saibhreas Gaeilge agus gnéithe réigiúnacha agus cultúrtha a bhí le sealbhú ó na sealbhóirí tí.

É sin ráite, d’aithin na scoláirí gur eispéireas difriúil a bhí i gceist sa bhrú. Bhí gnéithe éagsúla den Ghaeilge le foghlaim ó na sealbhóirí tí. Mheas siad gur thug sé an Ghaeilge lasmuigh den scoil agus an seomra ranga. Bhí deis acu Gaeilge nádúrtha chanúnach a chloisteáil agus maireachtáil le teaghlaigh a raibh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide acu. Chuaigh an taithí a bhí ag cuid acu, páistí óga a chloisteáil ag labhairt Gaeilge, i bhfeidhm go mór orthu. Luaigh cuid de na hiarscoláirí freisin go bhfuil cairdeas acu le cuid de na teaghlaigh lenar fhan siad go fóill. Mar sin féin, thuairiscigh siad gur thaithí mheasctha a bhí ann agus gur bhraith sé ar an sealbhóir tí. Níor léirigh gach sealbhóir tí an tsuim chéanna iontu ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de.

Léirigh an chuid seo den taighde go bhfuil láidreachtaí agus laigí ag baint leis an dá chineál lóistín agus i bhfianaise na ndeacrachtaí atá i nGaeltachtaí áirithe sealbhóirí tí nua a earcú, is léir go bhfuil ról ag an dá shaghas lóistín i bpleanáil do chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht sa todhchaí.

### Tuairimí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta

Cuireadh beirt oifigeach de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RnaG feasta) agus Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) faoi agallamh chun léargas a fháil ar a ndearcadh maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta. Thuairiscigh oifigeach RnaG maoiniú ar fáil do 700 teaghlach faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge chun lóistín a chur ar fáil do suas le 27,000 scoláire a fhreastalaíonn ar cheann de na 42 coláiste ar fud na Gaeltachta. Is baint indíreach a bhíonn ag ÚnaG leis na coláistí samhraidh tríd an bplé a bhíonn aige le comharchumainn. Anuas ar fhoghlaim na Gaeilge a bheith mar aidhm ag na cúrsaí Gaeilge léirigh oifigeach de chuid RnaG go raibh an dara haidhm ann cuidiú le teaghlaigh Ghaeltachta trí fhordheontas lóistín a íoc leo. Soiléiríodh go n-íoctar €10 an scoláire in aghaidh na hoíche i gcomhair lóistín i dteaghlach ach nach n-íoctar ach €5 in aghaidh na hoíche as fanacht i mbrú. Leathnaíonn sé seo fócas eacnamaíochta an taighde seo. Fuarthas amach

nuair a rinneadh iniúchadh ar fhoghlaim na Gaeilge go raibh buntáistí agus míbhuntáistí leis an dá chineál lóistín ach ní féidir a mhaíomh go dtacaíonn lóistín i mbrú go díreach le teaghlaigh Ghaeltachta cé go bhféadfadh sé tacú leis an bpobal trí chéile.

Bhí oifigigh de chuid RnaG agus ÚnaG eolach ar dhúshláin a bheith ann sealbhóirí tí a mhealladh le lóistín a chur ar fáil i gceantair áirithe Ghaeltachta. Tuigeadh go raibh tionscal na turasóireachta níos forbartha ann ná i gceantair eile agus gur chruthaigh sé seo deiseanna eile fostaíochta. Léirigh oifigeach de chuid RnaG imní go mb'fhéidir nach raibh toradh fónta ar infheistíocht RnaG i scéimeanna pobail má bhí ganntanas teaghlaigh a bhí ag tógáil a gcuid gasúr le Gaeilge agus ar fáil le lóistín a chur ar fáil do scoláirí na gcoláistí. Tagraíodh go háirithe don scéim Tús Maith. Léirigh an anailís a rinne Ní Chuaig et al. (2021) go raibh 254 teaghlach, 34% den líon iomlán, i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a labhair Gaeilge go laethúil de réir Dhaonáireamh 2016. Ní fios cén figiúr a bheadh ann murach an tacaíocht a bhí faighte ag teaghlaigh le Gaeilge a labhairt ó scéimeanna éagsúla. Mar a fheictear san anailís i gcuid a ceathair tá dóthain teaghlach a labhraíonn Gaeilge ar fáil ach ní roghnaíonn siad an cineál seo fostaíochta ar chúiseanna éagsúla. Orthu siúd tá deiseanna eile fostaíochta ar fáil.

Léirigh oifigeach de chuid RnaG an tuairim nach bhfuil RnaG i bhfabhar brúnna mar réiteach ar ghanntanas sealbhóirí tí a earcú agus gur cúis imní fiú go mbeifí ag smaoineamh orthu mar réiteach. Nochtadh buairt faoi na deiseanna sealbhaithe a bhíonn ar fáil i mbrú, tuairim nach raibh ag teacht le haiseolas na scoláirí. Má bhí ganntanas sealbhóirí tí i gceantar amháin, an réiteach a bheadh ag RnaG ná na scoláirí a scaipeadh amach go ceantair eile. Ar an lámh eile, d'aithin oifigeach de chuid ÚnaG tábhacht an tionscail do leithinis Chorca Dhuibhne agus go bhféadfadh brú a bheith ina rogha chruthaitheach leis an tionscal sa cheantar. Luaigh oifigeach de chuid RnaG go mbeadh easpa teagmhála ag na scoláirí i mbrú le pobal na Gaeltachta, rud a d'aithin na hiarscoláirí freisin.

### Tionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta, ar dhearcadh agus leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail Gaeltachta

Chuathas i muinín taighde Uí Ghallachair agus Lyddy (2013) le léargas a fháil ar thionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta, ar dhearcadh agus leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail Gaeltachta. Thuairiscigh na rannpháirtithe i dtaighde Uí Ghallachair agus Lyddy (2013) gur imir na coláistí tionchar dearfach ar an nGaeilge agus stádas na Gaeilge sa phobal. Léirigh siad gur chruthaigh na coláistí fostaíocht sna ceantair Ghaeltachta agus gur mheall siad turasóirí chun na Gaeltachta. I gcás cuid de na sealbhóirí tí ba é an t-aon teacht isteach a bhí acu. Luadh, áfach, go mbíonn coláistí áirithe i gcomórtas leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil sna bailte móra máguaird agus iad ag iarraidh sealbhóirí tí a earcú. Mheas na rannpháirtithe gur chuir na coláistí le geilleagar an cheantair. Fuair Ní Ghallachóir (2010) amach gur fhreastail 21,600 scoláire ar choláistí Gaeilge in 2009 agus go mb'fhiú thart ar €50 milliún é sin don Ghaeltacht ag an am. Bhí na rannpháirtithe den tuairim gur chuir na coláistí le beocht na gceantar agus go raibh ról tábhachtach ag na coláistí i ngeilleagar an cheantair. Mheasadar gur bhronn na coláistí stádas sa bhreis ar an nGaeilge agus go mba thionscail theangabhunaithe a bhí ann a thug cúis eile do mhuintir na Gaeltachta leis an teanga a labhairt agus a chur ar aghaidh go dtí an chead ghlúin eile.

Bhí drochthionchar ag an bpaindéim Covid ar go leor réimsí den saol agus níorbh aon eisceacht iad na coláistí samhraidh. Agus dhá bhliain caite gan scoláirí a choinneáil, tá beagán os cionn an cheathrú chuid, 27%, de shealbhóirí tí tar éis tarraingt siar as an ngnó. Beidh le feiceáil an bhfillfidh cuid acu an bhliain seo chugainn. Léiríonn an titim thubaisteach seo an géarghá le haird a thabhairt ar thátal agus moltaí an taighde reatha.

### Léargas ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge do cheantar Chorca Dhuibhne agus na dúshláin a bhaineann le hearcú sealbhóirí tí

Bunaíodh Coláistí Chorca Dhuibhne breis is daichead bliain ó shin mar fhochomhlacht de chuid Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne. Tá Coláistí Chorca Dhuibhne comhdhéanta de chúig choláiste, Coláiste Bhaile an Fheirtéaraigh, Coláiste na Muirí, Coláiste na Feothanaí, Coláiste Cheann Trá, Coláiste na Min Airde. Reáchtáiltear Coláiste cónaithe i gColáiste Íde i mBaile an Ghóilín, lámh le baile an Daingin chomh maith. Tagann na coláistí seo go léir le chéile faoi aon struchtúr bainistíochta amháin chun buntáiste an mhórscála a thógaint isteach sa ghnó agus cuireann siad go mór le geilleagar an cheantair.

Scrúdaíodh tosca déimeagrafacha ó Dhaonáireamh 2016 a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar earcú sealbhóirí tí chun cur le sonraí na tuairisce. Ní mór a bheith cúramach le haon tátal a bhainfí as an anailís ar na figiúirí seo mar gur bailíodh iad sé bliana ó shin agus ní fios cén tionchar a bhfuil an phaindéim Covid tar éis a imirt ar roghanna sealbhóirí tí. Rinneadh an anailís ar an daonra ina iomláine sna ceantair éagsúla seachas ar theaghlaigh ar leith. Breathnaíodh ar na figiúirí sna coláistí éagsúla ina mbíonn Coláistí Chorca Dhuibhne ag feidhmiú, siad sin, Coláiste Bhaile an Fheirtéaraigh, Coláiste na Muirí, Coláiste Cheann Trá, Coláiste na Feothanaí, Coláiste na Min Airde. Scrúdaíodh na tosca seo a leanas: briseadh síos ar an daonra, stádas pósta, minicíocht ag labhairt na Gaeilge, timthriall teaghlaigh, comhdhéanamh an tí, bliain tógtha an tí, sealbhaíocht agus líon seomraí. Tugtar cuntas cuimsitheach i rannóg a 2 ar na tosca seo ar fad de réir ceantair. Le go mbeadh sealbhóir tí sásta lóistín a chur ar fáil do scoláirí, ní mór go sásóidís iliomad tosca acu sin.

Ar an iomlán, léirigh na figiúirí i mBaile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá go raibh teaghlaigh ar fáil sna haoisghrúpaí cearta a raibh tithe ar mhéid oiriúnach agus nár chóir go mbeadh deacrachtaí gearrthréimhseacha ann sealbhóirí tí a earcú ach go bhféadfadh an t-athrú ar phróifíl aoise na dteaghlach a bheith dúshlánach sa todhchaí. I gcás na Feothanaí agus na Muirí, léirigh an anailís go bhféadfadh dúshláin a bheith ann sa mheántréimhse ag earcú sealbhóirí de bharr an daonra a bheith ag dul in aois. Maidir leis an Min Aird, bhí céatadán an phobail a labhair an Ghaeilge ar bhonn laethúil sa chóras oideachais agus sa phobal íseal i gcomparáid le ceantair eile agus d'fhéadfadh sé seo dúshláin a chruthú d'earcú sealbhóirí tí ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile.

In iarrachtaí a rinne Coláistí Chorca Dhuibhne sealbhóirí tí a earcú le tamall anuas, scaipeadh ceistneoir ar líne. In ainneoin go leor bolscaireachta, níor líon ach ochtar an ceistneoir. Ní raibh ach beirt a luaigh aon suim a bheith acu a bheith ina sealbhóirí tí ach níor léirigh siad aon spéis labhairt le hoifigigh an Choláiste. Nuair a chuirtear an taithí seo san áireamh le hiarrachtaí eile a rinneadh roimhe seo, dealraíonn sé nach bhfuil tobar sásúil ann as a dtiocfadh sealbhóirí tí sa todhchaí in ainneoin na dtosca déimeagrafacha a bheith dearfach go leor mar a chonacthas thuas. D'fhéadfadh go leor cúiseanna a bheith leis seo ach is cinnte go bhfuil baint ag baile mór turasóireachta an Daingean a bheith i gceartlár an cheantair. Tugann sé seo roghanna eile fostaíochta do shealbhóirí i gceantar Chorca Dhuibhne nach bhfuil ar fáil, b'fhéidir, i gceantair Ghaeltachta eile.

Baintear teacht isteach maith as Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí scoile idir 10-18 bl., d'ábhair oide agus d'iarchéimithe, suas le €2.0 milliún in aghaidh na bliana. Nuair a thógtar an gnó agus na seirbhísí breise a éilíonn sé san áireamh tá luach thart ar €7 milliún ag an ngnó seo don cheantar. Go traidisiúnta, d'fhanadh formhór na scoláirí i dtithe mhuintir na háite agus i gColáiste Íde. Rinneadh staidéar féidearthachta sa bhliain 2018 chun go ndéanfaí deiseanna maidir le háiseanna breise a thógaint i mBaile an Fheirtéaraigh a mheas, áiseanna a chuirfí ar fáil do dhaltaí/mhic léinn Choláistí Chorca Dhuibhne. Rinneadh amach go bhféadfadh cailliúint mhór a bheith i gceist dá dtitfeadh líon na sealbhóirí tí a chuireann lóistín ar fáil. Cuireann 44 soláthraí lóistín aonair lóistín ar fáil do thart ar 12 mhac léinn/scoláire ar an meán, ina dtithe príobháideacha féin, i láthair na huaire. Bhí sé deacair

ar Choláistí Chorca Dhuibhne sealbhóirí tí breise a mhealladh chun na hoibre le blianta beaga anuas agus tá an scéal imithe in olcas ó thús na paindéime. Measadh nuair a cuireadh tús leis an taighde seo in 2018 go dtitfeadh láimhdeachas suas le €378,376 míle in aghaidh na bliana agus ioncam breise fá thrí sa gheilleagar áitiúil, mura gcuirfí le líon na leapacha a bhí ar fáil. Tá an titim sin méadaithe go €500,000 ó thús na paindéime le laghdú de 28% ar líon na leapacha. Tá an líon seo ag teacht leis an treocht náisiúnta de 27% a tuairiscíodh thuas. Bhí titim ar líon na sealbhóirí tí á tuar de bharr cuid mhaith sealbhóir tí a bheith ar tí dul ar scor agus foinsí ioncaim rathúla eile a bheith i gCorca Dhuibhne, sa turasóireacht, mar shampla. Chuir an phaindéim dlús leis an titim. I measc na gcúiseanna a luaigh sealbhóirí tí le héirí as an gcúram bhí;

- an táille in aghaidh an scoláire (€10) a bheith níos ísle na mar a bhí sé in 2010 (€10.50),
- gan aon ranníocaíochtaí pinsean a bheith ann,
- an iomarca freagrachtaí a bheith ag baint leis an obair sa lá atá inniu ann agus iad ag feidhmiú in *loco parentis*,
- scoláirí ró-éilitheach,
- costais chothabhála an tí.

Tá amhras níos mó ná riamh faoi inmharthanacht Choláistí Chorca Dhuibhne mar gheall ar an nganntanas leapacha agus beidh impleachtaí ann do ghnólachtaí áitiúla agus do ghnéithe eile d'obair an Chomharchumainn, an fhorbairt pobail agus an Phleanáil Teanga mar shampla.

Mar thoradh ar an taighde reatha déantar na moltaí seo a leanas:

1. An deontas a íoctar le sealbhóirí tí in aghaidh an scoláire a ardú go €12.50, rud a chúiteodh ar a laghad ráta an bhoilscithe ó 2010 go 2021. Níl ardú ráta boilscithe 2022 san áireamh anseo.
2. Na sealbhóirí tí reatha a mhealladh le leanúint leis an obair thábhachtach atá idir lámha acu agus a chinntiú go dtuigeann siad an ról atá acu maidir le saibhriú na Gaeilge.
3. Plean 5 bliana a leagadh amach chun go mbeadh sé le feiscint ag na Mná/ Fir Tí conas mar a bheadh an ráta ceangailte leis an ráta boilscithe.
4. Ba chóir a aithint go bhfuil láidreachtaí agus laigí ag baint le lóistín le sealbhóir tí agus i mbrú is go bhfuil ról acu beirt i bpleanáil do chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht sa todhchaí.
5. An ráta céanna in aghaidh an scoláire a íoc beag beann ar an gcineál lóistín ina bhfanann siad, le sealbhóir tí nó i mbrú.
6. Iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar theaghlaigh cinneadh a dhéanamh dul i mbun na hoibre seo agus iad siúd a bhfuil suim acu inti a spreagadh.
7. Ról tábhachtach an cheannaire a aithint agus oiliúint chuí a chur orthu le gur féidir leo tacú leis na scoláirí an oiread Gaeilge agus is féidir a shealbhú beag beann ar an gcineál lóistín.
8. Níos mó daoine nó clannaibh a mhealladh chun meascadh leis na daltaí sna brúnnna go háirithe.
9. Sna ceantair ina bhfuil deacracht chreimthe sealbhóirí tí a stop mar nach bhfuil dóthain ag teacht isteach i gcóras na gcoláistí samhraidh, ba chóir don Roinn tacaíocht a chur ar fáil do choincheap na mbrúnna a bheith mar rogha ag Coláistí. Ba cheart go mbeadh an tacaíocht chéanna ann is atá ar fáil d'aon fhorbairt eile sna Gaeltachtaí.
10. Ardú sa tacaíocht chun tigh nua a mhealladh isteach sa chóras ó 20% go 80% agus so-lúbthacht a bheith ann ó thaobh na gcostaisí.

# 1 Na himpleachtaí teangan a bhaineann le lóistín a chur ar fáil i mbrú nó an modh traidisiúnta le sealbhóir tí agus an tumadh teanga a chleachtar sna Coláistí Gaeilge le cumas sa Ghaeilge a neartú.

## Réamhrá

D'eascair an chuid seo den taighde seo as iarratas ó Choláistí Chorca Dhuibhne iniúchadh a dhéanamh ar shaghsanna éagsúla lóistín ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht i ngeall ar an titim atá tuartha ar líon na sealbhóirí tí a bheidh ar fáil faoi cheann cúig bliana. Chun cúiteamh a dhéanamh ar an titim seo, tá pleananna á n-iniúchadh lóistín a chur ar fáil i mbrú. An aidhm atá leis an taighde seo ná staidéar a dhéanamh ar na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leis an lóistín traidisiúnta le sealbhóir tí agus iad sin a chur i gcomparáid le lóistín i mbrú, go háirithe ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de. Is réimse taighde é seo nach eol don údar an ndearnadh iniúchadh air cheana.

An phríomhcheist a bhí anseo ná cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le lóistín le sealbhóirí tí nó i mbrú maidir le foghlaim na Gaeilge de réir lucht eagraithe na gcúrsaí agus na n-iarscoláirí? Baintear úsáid as an téarma 'brú' chun cur síos a dhéanamh ar lóistín i suíomh cónaitheach ar nós scoil chónaithe nó suanliosanna. Go hiondúil, caitheann na scoláirí béilí le chéile i mbialann. Glactar leis go dtarlaíonn go leor d'fhoghlaim na Gaeilge sa seomra ranga agus sna himeachtaí a eagraítear sna hiarnónta. Díríonn an taighde reatha ar na tréimhsí den lá lasmuigh de na himeachtaí seo ina mbíonn deis ag na scoláirí an Ghaeilge atá á sealbhú acu a úsáid i gcomhthéacs nádúrtha cumarsáideach.

Déantar cíoradh ar chuid den taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta sa chéad rannóg eile mar a bhaineann sé le dianchúrsaí teanga agus tréimhsí staidéar as baile. Leagtar amach modheolaíochtaí an taighde ina dhiaidh sin. Cuirtear tuairimí rannpháirtithe an taighde reatha i láthair i rannóg na dtorthaí. Ar deireadh, baintear tátal agus moltaí as na torthaí i gcomhthéacs na litríochta.

## Léirbhreithniú Litríochta

Leis an taighde reatha a chur i gcomhthéacs níos leithne, déantar scagadh ar an taighde idirnáisiúnta a bhaineann le dianchúrsaí teanga agus tréimhsí staidéar thar lear. Déantar scagadh ar na buntáistí a bhaineann le lóistín le sealbhóirí tí nó i mbrú. Ar deireadh, déantar iniúchadh ar chúrsaí samhraidh Gaeilge in Éirinn.

### Dianchúrsaí teanga

Tá corpas fairsing taighde ar na buntáistí a bhaineann le dianchúrsaí teanga (Netten & Germain, 2004, 2009) agus tréimhsí staidéir thar lear (Mitchell, 2015; Mitchell et al., 2017; Sauer & Ellis, 2019) chun foghlaim an dara teanga (T2) a chur chun cinn. Leagtar béim sa taighde ar na cláir seo ar dhéine an teagaisc agus an taithí tumtha sa teanga. Le go bhforbróidh foghlaimeoirí T2 a gcumas sa sprioctheanga, ní mór dóibh bunleibhéal cumarsáide a bhaint amach chomh sciobtha agus is féidir. An rud atá i gceist leis an mbunleibhéal seo ná gur féidir leo abairtí simplí a rá lena riachtanais a chur in iúl. Tuigimid ó theoiricí Vygotsky (Cole et al., 1978) gur ghá don ionchur teanga a fhaigheann foghlaimeoirí a bheith taobh istigh dá zón neasfhorbartha .i. an bhearna idir an méid is féidir le duine a dhéanamh as a stuaim féin agus an méid is féidir leo a dhéanamh le cúnamh ó dhuine níos eolaí. Is minic gurb é/í an múinteoir a bhíonn i gceist ach d'fhéadfadh sé gur comhscoláire a bheadh ann nó duine de mhuintir na háite i gcás staidéar thar lear nó cúrsa Gaeltachta. A luaithe is atá bunleibhéal cumarsáide

bainte amach, tá na foghlaimeoirí in ann caidreamh a dhéanamh le daoine eile. Soláthraíonn sé seo deiseanna dóibh an teanga nua atá á foghlaim acu a úsáid, a chleachtadh agus a fhorbairt. Braitheann leibhéal na forbartha ar líon agus ar chaighdeán an chaidrimh agus é a bheith ailínithe le cumas an fhoghlaimeora (Lantolf, 2012). Cuireann dianchúrsaí ar chumas na bhfoghlaimeoirí dul thar an tairseach agus tógáil ar an mbunleibhéal seo.

Is iomaí foghlaimeoir a mbíonn taithí acu ar chláir scoile ina mbíonn ranganna teanga 30-40 nóiméad in aghaidh an lae nach sroicheann an bunleibhéal seo riamh. Cur chuige braon ar bhraon nó 'drip feed' a thug Stern (1985) air seo agus mhaígh sé nach n-oibríonn sé. An chúis atá leis seo dar le Netten agus Germain (2004) ná nach mbíonn go leor ama ag an múinteoir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha le gur féidir leis na scoláirí an teanga atá curtha ina láthair a úsáid. In éagmais an chleachtaidh sin, ní bhaineann siad an bunleibhéal cumais amach a spreagfadh iad le tabhairt faoin iarracht a theastaíonn le máistreacht a bhaint amach. Is féidir na dúshláin seo a shárú trí dhianchúrsaí teanga ar nós na gcúrsaí cónaitheacha Gaeltachta.

Rinne Serrano agus Muñoz (2007) iniúchadh ar an gceist faoi dháileadh ama ar chúrsaí teanga le foghlaimeoirí ollscoile (n=76) a bhí ag foghlaim an Bhéarla mar T2. Thug na mic léinn uilig faoi chúrsa 110 uair an chloig ach dáileadh an t-am sin ar thrí bhealach dhifriúla: (i) Bhí ranganna ag an ngrúpa 'fairsing' ceithre uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh seacht mí, (ii) Is ocht go deich n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse níos lú a bhí ag an ngrúpa breacdhian, (iii) Bhí ranganna ag an ngrúpa dian 25 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh cúig seachtaine. Cé gur tháinig feabhas ar oilteacht teanga na mac léinn uilig, tháinig feabhas níos mó ar na grúpaí breacdhiana agus diana. I dtaighde ar chúrsaí Béarla in Québec, fuair Lightbown agus Spada (1994) amach gur éirigh níos fearr le foghlaimeoirí an dianchúrsa i gcomparáid lena gcomhscoláirí a fuair an líon céanna uaireanta teagaisc ach iad scaipthe amach thar thréimhse níos faide. Léiríonn na torthaí seo gur dócha go rachadh sé chun sochair do na foghlaimeoirí na huaireanta teagaisc a dháileadh thar thréimhse ama níos lú. Dearbhaíonn sé seo an luach a bhaineann le cúrsaí samhraidh Gaeilge mar chuid d'aistear teanga foghlaimeoirí óga Gaeilge a phléitear sa chéad rannóg eile.

**Tréimhsí staidéir thar lear**

Tá go leor taighde ann a léiríonn na buntáistí a bhaineann le tréimhse thar lear le teanga iasachta a fhoghlaim agus gur minic go bhfoghlaimítear níos mó sa tréimhse chéanna ná mar a d'fhoghlaimeofá sa seomra ranga (George, 2019; McManus et al., 2021; Mitchell, 2015; Moore et al., 2021). Samhlaítear na tréimhsí thar lear mar thréimhsí tumtha sa sprioctheanga. Meastar gur slí éifeachtach foghlama teanga í le meascán den chaidreamh sóisialta a bhíonn ar fáil sna ranganna foirmiúla agus na deiseanna neamhfhoirmiúla lasmuigh den rang (Allen, 2010).

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de, áfach, gur tumadh iomlán a bheidh ann. Fuair Kinginger (2009) buntáistí teangeolaíocha do mhic léinn a d'fhan le sealbhóir tí le hais lóistín de chineálacha eile ar nós mic léinn a d'fhan in éineacht le mic léinn eile a raibh an chéad teanga chéanna acu. Is minic chomh maith mic léinn idirnáisiúnta ag bualadh lena chéile lasmuigh de na ranganna seachas le mic léinn an phobail áitiúil (Mitchell, 2015). Má éiríonn le mic léinn caidreamh a dhéanamh leis an bpobal áitiúil, meastar go bhfuil tréimhse thar lear níos éifeachtaí chun cumas sochtheangeolaíoch a fhorbairt agus nithe ar nós gnéithe réigiúnacha den sprioctheanga a úsáid (Regan et al., 2009). Braitheann an fonn a bhíonn ar fhoghlaimeoirí caidreamh le pobal na háite ar an gcumas a bhíonn acu sa sprioctheanga. Ar an iomlán, cé go ndéanann gach foghlaimeoir dul chun cinn, tá fianaise ann go ndéanann foghlaimeoirí a bhfuil cumas réasúnta acu sula dtéann siad thar lear, dul chun cinn níos fearr agus níos tapúla (Leonard & Shea, 2017). Tarlaíonn sé seo is dócha toisc go mbíonn siad níos muiníní caidreamh a dhéanamh le muintir na háite.

**Lóistín le teaghlach nó i mbrú**

Meastar uaireanta gur fearr fanacht le sealbhóir tí seachas i mbrú chun sealbhú na sprioctheanga a chinntiú ach d'áitigh Kinginger agus Wu (2018) nach bhfuil an scéal chomh simplí sin agus go dteastaíonn breis taighde ar úsáid na sprioctheanga i mbrúnna nuair a bhíonn deis ag foghlaimeoirí a bheith i gcaidreamh le cainteoirí cumasacha sa sprioctheanga. Rinne Kinginger agus Wu (2018) cás-staidéar ar bheirt mhac léinn ó SAM a chaith seimeastar sa tSín ag foghlaim Sínise agus a d'fhan i mbrú le mic léinn ón tSín. Fuair siad amach go ndearna na foghlaimeoirí an-dul chun cinn agus go raibh deiseanna saibhrithe teanga acu sa bhrú. Nocht rannpháirtí i dtaighde Allen (2010) a bhí ag fanacht le sealbhóir tí gur beag teagmháil a bhí aici leis an teaghlach agus go raibh muintir an tí sásta go bhfanfadh sé mar sin. Faoi mar a thuigtear, níl aon dá shealbhóir tí mar an gcéanna agus cé gur féidir le lucht eagraithe cúrsa critéir áirithe a leagadh síos, bíonn sé deacair orthu an suíomh a mhaoirsiú faoi mar is féidir a dhéanamh i mbrú. Ach oiread leis na sealbhóirí tí, níl aon dá fhoghlaimeoir mar an gcéanna. Fuair Di Silvio et al. (2014) amach i dtaighde ar 151 mac léinn ollscoile a chaith seimeastar thar lear ag foghlaim na Rúisise, na Spáinnise nó na Mandairínise, go raibh gaol idir dul chun cinn na teanga labhartha agus na mic léinn a bheith sásta gur fhan siad le sealbhóir tí. Mhol Di Silvio et al. go mba chóir na mic léinn a ullmhú sula dtéann siad thar lear leis na deiseanna caidrimh le pobal na háite a thapú toisc nach dtarlaíonn siad uathu féin. Ba leis na sealbhóirí tí go háirithe a d'fhéadfaí na deiseanna a thapú. Teastaíonn bunchumas teanga leis na deiseanna caidrimh a thapú agus b'fhéidir gur fearr a oireann lóistín le sealbhóir tí don té a mbeadh dóthain cumais agus muiníne aige caidreamh a dhéanamh le muintir an tí. Thiocfadh sé seo le torthaí Leonard agus Shea (2017) thuas.

**Cúrsaí samhraidh Gaeilge in Éirinn**

D'fhormhór na bhfoghlaimeoirí atá faoi chaibidil sa taighde reatha is tréimhse as baile seachas tréimhse thar lear a bhíonn i gceist dar ndóigh. Tá na cúrsaí Gaeilge níos cosúla le cúrsaí Bascaise do dhaoine fásta i dTír na mBascach (Azkue & Perales, 2005) nó cúrsaí Breatnaise sa Bhreatain Bheag (https://nantgwrtheyrn.org/languagecourses/). Bíonn an coincheap céanna i gceist, áfach, go mbeadh na foghlaimeoirí tumtha sa sprioctheanga ar feadh tréimhse agus go bhfreastalóidís ar dhianchúrsaí teanga. Tréimhsí coicíse nó trí seachtaine a bhíonn i gceist sna cúrsaí Gaeilge den chuid is mó, tréimhse atá i bhfad níos giorra ná seimeastar nó bliain thar lear. Is minic, áfach, go dtéann na scoláirí ar ais ar chúrsaí Gaeilge bliain i ndiaidh bliana mar a rinne rannpháirtithe an taighde seo.

Dhearbhaigh taighde Uí Ghallachair agus Lyddy (2013) a cuireadh i láthair i rannóg a 2, an ról tábhachtach atá ag na Coláistí i gcur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge mar theanga bheo sa Ghaeltacht. Chuir na coláistí le geilleagar na Gaeltachta agus d'ardaigh siad stádas na Gaeilge trí fhostaíocht a chruthú. Chuidigh sé seo ar chúiseanna mórtais cine agus eacnamaíochta araon. Agus coláistí á roghnú ag tuismitheoirí, a bpáistí agus múinteoirí meánscoile na bpáistí, ba í cáil an choláiste maidir le múineadh na Gaeilge an ghné ba thábhachtaí dar leo uilig. Ina dhiaidh sin, leag na tuismitheoirí agus na múinteoirí meánscoile béim ar chúram leanaí agus sábháilteacht. Bhí an réimse imeachtaí siamsaíochta nó sóisialta sa dara háit tábhachta ag na páistí. Fuair na taighdeoirí amach go raibh tábhacht ar leith leis na céilithe mar gur spreag siad teagmháil le muintir na háite. Bhí leibhéal an-íseal teagmhála le muintir na háite sna coláistí cónaithe. Ar an iomlán bhí leibhéal ard sástachta i measc na scoláirí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí meánscoile "maidir le caighdeán na múinteoireachta, an lóistín agus na maoirseachta, agus creideann siad go gcuireann tréimhse sa Ghaeltacht feabhas ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí ina iomláine" (Ní Ghallachair & Lyddy, 2013: 61).

Dearbhaíonn an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta taithí agus cur chuige lucht eagraithe na gcúrsaí samhraidh Gaeilge le blianta anuas. Gné thábhachtach de na cúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge lasmuigh

den Ghaeltacht is ea gur cúrsaí cónaitheacha iad agus go mbíonn na foghlaimeoirí tumtha sa Ghaeilge ar feadh beagnach 16 uair an chloig sa lá. Fanann scoláirí le sealbhóirí tí nó i mbrú, áit a bhfaigheann siad béilí, scíth agus codladh. Cuireann na huaireanta lasmuigh de na ranganna leis na deiseanna a bhíonn ag scoláirí an Ghaeilge atá á bhfoghlaim acu a chleachtadh agus a úsáid i gcomhthéacs nádúrtha. Cuireann sé leis an teagmháil atá acu leis an nGaeilge freisin. Má fhanann siad le teaghlach, d'fhéadfaidís taithí a fháil ar an nGaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide an tí. D'fhéadfadh sé go bhfaighidís cur amach ar ghnéithe den chultúr Gaelach trí amhránaíocht, damhsa, scéalaíocht nó ceol. Meastar go bhféadfadh an taithí le sealbhóirí tí a bheith ní ba shaibhre chun na gnéithe sochtheangeolaíocha ar nós chanúint an cheantair agus rithim nádúrtha na teanga a shealbhú. B'fhéidir nach mbeadh an taithí chéanna ag scoláirí i mbrú ar na gnéithe seo ach is féidir iompar teanga na scoláirí a bhainistiú níos éasca sa bhrú. De ghnáth, bíonn cinnirí ar fáil sna brúnna i rith an ama le cabhrú le scoláirí is iad a spreagadh agus a ghríosú le Gaeilge a labhairt.

**Achoimre**

Cuireadh torthaí taighde i láthair sa rannóg seo a léirigh na buntáistí a bhaineann le dianchúrsaí teanga le cur ar chumas foghlaimeoirí bunleibhéal cumarsáide a bhaint amach. Nuair a bhaineann foghlaimeoirí an bunleibhéal seo amach, tá siad in ann a gcuid riachtanas a chur in iúl sa sprioctheanga. Bíonn sé deacair comhthéacsanna nádúrtha cumarsáide a chruthú chuige seo sa seomra ranga foirmiúil agus baintear leas as tréimhsí foghlama thar lear nó as baile i gceantair ina labhraítear an sprioctheanga chun é seo a bhaint amach. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de, áfach, go mbainfidh foghlaimeoirí an leas is fearr as an tréimhse thumtha, go háitithe má bhíonn siad in aon lóistín le foghlaimeoirí eile. Bíonn cuid mhaith ag brath ar thiomantas na bhfoghlaimeoirí an sprioctheanga a labhairt agus deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga a thapú. Cabhraíonn sé freisin dóthain cumais a bheith ag na foghlaimeoirí le gur féidir leo cainteoirí dúchais a thuiscint. Cuireadh torthaí taighde i láthair a léirigh nach raibh taithí thumtha ag foghlaimeoirí mura raibh na sealbhóirí tí sásta an ról sin a ghlacadh orthu féin. Ar an lámh eile, bhí torthaí ann a léirigh go bhféadfadh lóistín i mbrú a bheith tairbheach dá mbeadh teagmháil ag na foghlaimeoirí le cainteoirí cumasacha. Ar deireadh, chonaiceamar torthaí taighde Uí Ghallachair agus Lyddy (2013) a dhearbhaigh sástacht na ndaltaí, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí le cúrsaí Gaeltachta in Éirinn.

## An Mhodheolaíocht

Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil chun iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le lóistín le sealbhóirí tí nó i mbrú maidir le foghlaim na Gaeilge. Toisc go raibh dearcadh lucht eagraithe na gcúrsaí agus na n-iarscoláirí ag teastáil, cuireadh agallamh ar rannpháirtithe a bhain leis an dá dhream. Úsáideadh sampla áise leis na rannpháirtithe a earcú. Cuireadh agallamh ar cheathrar stiúrthóirí coláiste a eagraíonn cúrsaí samhraidh Ghaeilge agus Gaeltachta ina mbíonn scoláirí ag fanacht le sealbhóirí tí agus i mbrúnna. Bhí taithí breis is 130 bliain ag an gceathrar ag plé le heagrú cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta. Ar mhaithe le hanaithnideacht na stiúrthóirí a chosaint, baintear úsáid as cód SA = Stiúrthóir A, SB = Stiúrthóir B, SC = Stiúrthóir C, SD = Stiúrthóir D. Anuas air sin, rinneadh leasuithe beaga i gcúpla cás ar chaint na stiúrthóirí le nach bhféadfaí a gceantar a aithint óna gcanúint.

Iarradh ar cheithre choláiste, iarscoláirí a raibh taithí acu fanacht le sealbhóir tí agus i mbrú ar chúrsaí Gaeltachta, a earcú le dul faoi agallamh. Ghlac 15 páirt in agallamh aonair faoi mar a fheictear i dTábla 1 thíos. Bhí réimse taithí an-leathan ag na rannpháirtithe, idir 3 agus 12 chúrsa déanta acu nó 6 chúrsa ar an meán. Bhí taithí ag 14 acu ar an dá chineál lóistín atá faoi chaibidil agus bhain cuid den taithí le cuid de na rannpháirtithe mar cheannairí seachas mar scoláirí amháin. Baintear úsáid as ainmneacha cleite le hanaithnideacht na rannpháirtithe a chosaint. Thug na hagallaimh leathstruchtúrtha deis do na rannpháirtithe insint dom faoina dtaithí sa dá chineál lóistín óna ndearcadh féin is iad ag breathnú siar ar an taithí sin (Brinkmann et al., 2018).

**TÁBLA 1.** Iarscoláirí a ghlac páirt in agallamh faoina dtaithí ag fanacht le sealbhóir tí nó i mbrú ar chúrsaí samhraidh Gaeilge agus Gaeltachta

| Ainm cleite an iarscoláire | Líon na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Aoife | 6 |
| Caoimhe | 5 |
| Ciara | 6 |
| Colm | 3 |
| Dáire | 3 |
| Éadaoin | 3 |
| Grace | 7 |
| Kate | 9 |
| Peadar | 6 |
| Réiltín | 6 |
| Séamus | 12 |
| Sinéad | 11 |
| Siobhán | 5 |
| Tomás | 6 |
| Tríona | 3 |

Rinne taifeadadh ar na hagallaimh agus leanadh na céimeanna a mhol Braun agus Clarke (2012) chun anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí. Cuardaíodh téamaí athfhillteacha agus rinneadh anailís ar thaithí na stiúrthóirí agus na n-iarscoláirí. Cuirtear na téamaí a ghineamar ón anailís i láthair sa chéad chuid eile.

## Torthaí

Tá sceideal na gceisteanna do na stiúrthóirí agus na hiarscoláirí le fáil in Aguisíní A agus B faoi seach. Déantar cur síos ar dtús ar thuairimí na stiúrthóirí maidir le nithe sainiúla a bhain le cúrsaí lóistín dóibh agus nár bhain leis na hiarscoláirí. An dá phríomhthéama a bhí ann ná earcú agus soláthar lóistín le sealbhóirí tí, agus soláthar lóistín i mbrú. Ina dhiaidh sin, déantar cur síos ar chúrsaí Gaeilge sa dá chineál lóistín ó dhearcadh na stiúrthóirí agus na n-iarscoláirí. Cíortar na moltaí éagsúla a rinne na stiúrthóirí agus na hiarscoláirí maidir leis an gcineál lóistín ab fhearr dar leo ag cur cúrsaí aoise agus Gaeilge san áireamh.

**Tuairimí na stiúrthóirí maidir le soláthar lóistín le sealbhóir tí nó i mbrú**

Earcú agus soláthar lóistín le sealbhóirí tí

Ceistíodh an ceathrar stiúrthóirí faoin taithí a bhí acu maidir le hearcú sealbhóirí tí. Bhraith a gcuid freagraí ar an gceantar ina raibh an coláiste Gaeltachta ag feidhmiú. Tá sé dúshlánach mar is eol dúinn ón réamhrá ar Choláistí Chorca Dhuibhne sealbhóirí tí nua a earcú. Ní hamhlaidh a bhí an scéal ag gach coláiste. Bhí an scéal is dearfaí ag SC, "Tá go leor leapacha againn agus daoine nua ag teacht isteach an t-am uilig". Níor tharla sé riamh gur tháinig sealbhóirí tí chucu le rá go raibh siad ag tarraingt as an ngnó de bharr cúrsaí riaracháin nó eile. Sna ceantair ina bhfuil SC ag feidhmiú, tá éileamh ó na sealbhóirí tí scoláirí a choinneáil.

I gcás SB, thóg sé tamall orthu líon na sealbhóirí tí a mhéadú, "Tháinig fás agus méadú ar líon na dtithe ins na nóchaidí agus áit a raibh cúig nó sé theach againn bhí teach is fiche againn cúig nó sé de bhlianta ó shin". Bhí an scéal céanna ag SD, "Beagán ar bheagán d'éirigh linn duine amháin nua a fháil isteach sa chóras ar an meán 'chuile bhliain". Ceann de na cúiseanna gur éirigh leis an gcoláiste sin na sealbhóirí tí a mhealladh ná gur chuireadar a lán infheistíochta isteach ann i bhfoirm "meantóireacht agus ranganna Gaeilge agus clubanna do pháistí na mná tí" (SD). De réir a chéile, chonaic na sealbhóirí tí gur gnó inmharthana a bhí ann.

Cé go bhfuil dóthain sealbhóirí ag SA faoi láthair, dúirt an stiúrthóir, "Is dóigh liom go mbeidh titim, b'fhéidir go gcaillfimis cúig nó sé theach ins na cúig bliana atá le teacht". Is díol spéise go ndúirt SA, "Fós ceapaim go mbeidh ról ana mhór ag na tithe ach laistigh de deich nó cúig bliana déag tá sé deacair a shamhlú go mbeidh an saghas lóistín sin fós comónta".

Feictear mar sin nach bhfuil an staid mar an gcéanna i ngach ceantar. Sna háiteanna ina raibh deacrachtaí ann sealbhóirí tí nua a earcú luaigh na stiúrthóirí na hathruithe atá tar éis teacht ar an saol, caighdeán ard cóiríochta, an fhreagracht a bhaineann le scoláirí a choinneáil ó thaobh cúram leanaí de, roghanna eile fostaíochta ar nós na turasóireachta, Gaeilge a bheith ag duine amháin sa teaghlach agus gan a bheith ag an duine eile. Mar a dúirt SA,

> Níl fhios agam ach don duine atá ag tosnú amach ón nua tá an méid sin maorlathas agus páipéarachas ag baint leis go mbeadh duine scanraithe faoi agus uaireanta is dócha ag plé leis an Roinn níl aon duine go háitiúil ar an gcéad dul síos … táimid ag brath ar dhaoine eile teacht isteach. (SA)

Bhí an maorlathas ina chonstaic dar le SD chomh maith agus mhol an stiúrthóir sin go méadófaí an deontas cóiríochta dóibh siúd ag tosú amach.

Cé is moite de SC, mheas na stiúrthóirí eile go bhfuil sé dúshlánach sealbhóirí tí a earcú le hardchaighdeán Gaeilge faoi láthair nó go mbeidh sé dúshlánach dóibh faoi cheann cúig nó deich mbliana. Ach amháin an éiginnteacht seo faoin todhchaí, chonacthas do chuid de na stiúrthóirí go raibh buntáistí ag baint le scoláirí a bheith ar lóistín le sealbhóir tí. Luaigh SD na cúiseanna seo a leanas,

> níl aon dabht faoi, bheadh mise ag moladh d'aon duine má tá an páiste ag dul don chéad uair iad a sheoladh go bean an tí nó bean an tí a roghnú. Mar níl ach dáréag sa teach agus má tá fadhbanna acu ó thaobh bia nó uaigneas nó aon rud mar sin tá mothúcháin ar nós do theach féin níos fearr i Bean an Tí ná bhfuil i Brú. (SD)

É sin ráite, luaigh SD chomh maith nach leanann tuismitheoirí a chomhairle i gcónaí agus go bhfanann a gcuid páistí sa bhrú.

**Soláthar lóistín i mbrú**

Bhí taithí ag na stiúrthóirí uilig ar lóistín a chur ar fáil i mbrú agus le sealbhóirí tí. Bhí cúiseanna éagsúla go raibh brúnna in úsáid sna coláistí seo agus rinneadh iniúchadh leis na stiúrthóirí ar na deiseanna agus na dúshláin a bhain le cóiríocht a chur ar fáil i mbrú. Ceann de na buntáistí a bhaineann le brú dar le SA ná, "tá na scoláirí ar aon láthair amháin. Níl aon sall agus anall ar na bóithre. Níl siad ag siúl agus mar sin. Dúisíonn siad ar maidin, téann siad síos don bhricfeasta, téann siad isteach dtí na ranganna". Thacaigh na stiúrthóirí eile leis an tuairim sin. Mhínigh SD go mbíonn, "Cinnire idir gach ceithre seomra agus tá ansin maoirseoir i ngach halla. Ceapaim uaireanta go mbíonn an fheitheoireacht i bhfad níos fearr sa bhrú mar gheall ar go bhfuil muid réasúnta dian ó thaobh feitheoireachta agus cúram leanaí". Cé gur buntáiste é, seo nocht SD an tuairim, "I ndáiríre ceapaim go bhfuil sé níos deacra a bheith ag plé le brú chun a bheith macánta faoi, mar gheall ar an bhfeitheoireacht go mór mór, an chothabháil ... cinnte go bhfuil foireann ar ardchaighdeán agat, mar tá tú ag glacadh le freagracht ollmhór ó thaobh cúram leanaí, nuair atá ós cionn 100 faoi do chúram". Is léir nuair atá sealbhóirí tí ag cur lóistín ar fáil go bhfuil cuid den fhreagracht sin roinnte ar feadh tréimhse áirithe den lá ach ba chúram 24 uair an chloig sa lá a bhí i gceist le lóistín sa bhrú. Leag SB béim ar na hathruithe atá tagtha ar an saol agus, "Leis an maorlathas atá anois buailte orainn is fearr a roinneadh brú leis sin, mar bheadh saineolas agus struchtúir agus dréimirí smachta acu, chun dul i ngleic le deacrachtaí a thiocfadh aníos".

Ar an lámh eile, leag SD béim ar na costais a bhaineann le brú a chothabháil, "ní féidir áit mór a fhágáil folamh ar feadh na bliana mar titfidh sé as a chéile, gheobhaidh sé tais nó rud éigin" (SD). Thacaigh SC leis an tuairim seo, "Tá costais ollmhór ag baint le háit ina bhfuil lóistín agus na háiseanna ar fáil ... Tá brú orainn. Tá billí le n-íoc. Tá leictreachas, feighlí ann. Maireann na cúrsaí samhraidh ar feadh trí mhí" (SC). Ba léir gur theastaigh gnó a leanfadh ar feadh cuid mhaith den bhliain má bhí brú le cothabháil agus le coinneáil cothrom le dáta mar a mhínigh SA, "muna mbeadh ann ach trí mhí i rith an tsamhraidh, níl fhios agam an mbeadh go leor gnó ansin chun an áit a bheith ag dul".

Ach na critéir sin a bheith sásaithe, bhí na stiúrthóirí den tuairim go raibh smacht níos fearr acu ar chúrsaí bia sa bhrú. Dúirt SC, "Tá cuid de na daoine a théann chun na Gaeltachta ag súil le caighdeán i bhfad níos airde ins na tithe Gaeltachta agus cothaíonn sé sin fadhb dúinn. Ní bhíonn na fadhbanna céanna againn sa bhrú". Ní gan dua a bhaintear ardchaighdeán amach, áfach, "Is cistin atá anseo a bheadh in aon bhialann agus déarfainn go bhfuilimid níos gnóthaí ná an-chuid bialainne, mar go mbíonn b'fhéidir 300 go 400 béile ag dul amach gach lá, so caithfidh ardchaighdeán a bheith ann ó thaobh HACCP[1], ó thaobh scrúdaithe an Chigire Sláinte agus mar sin. Ní rud é gur féidir a chaitheamh le chéile" (SA).

Maidir le leagan amach an bhrú, bhraith sé ar an am a tógadh é. I gcás SD, "seomraí ensuite le ceathrar a bheadh formhór na seomraí. Tá ceann nó dhó athraithe againn ó shin le cúigear ach mhothaímid go bhfuil ceathrar níos fearr mar uasmhéid in aon seomra". Bhí leapacha do bhreis is 100 i gcoláistí áirithe agus breis is 200 i gcásanna eile. (SA)

1 **HACCP = Hazard Analysis Critical Control Points**

Ba dhíol spéise é an bhéim a leag na stiúrthóirí ar chomh heagraithe is a chaithfeadh cúrsaí a bheith sa bhrú agus cé go mba dhúshlán dóibh é bhí sé ní b'éasca orthu ardchaighdeán a chinntiú. Bhí ról fíorthábhachtach ag an bhfoireann agus na ceannairí sa ghnó seo. Ba é taithí SA ná, "Tá ana thaithí ag na daoine sin ar conas plé le páistí, só is dócha in aon bhrú, dá mbeifeá ag oscailt i rith an tsamhraidh, bheadh sé deacair gnáthchinnirí a thógaint isteach. Tá gá le daoine atá cáilithe ó thaobh cúram leanaí, ó thaobh aire a thabhairt do pháistí, ó thaobh uaigneas agus deileáil le huaigneas mar chuirfeadh sé ionadh ort daoine atá 14, 15, 16 b'fhéidir iad níos measa ná duine a thagann anseo atá 12 ó thaobh uaignis". Thacaigh SB leis an tuairim sin, "Caithfidh córais dochta daingne a bheith ann agus daoine stuama freagrach. Níl aon dabht faoi sin mar tá níos mó uimhreacha i gceist. Caithfidh sé a bheith an-eagraithe. Caithfidh príomhoide an-láidir a bheith agat i bhfeidhil".

### Foghlaim na Gaeilge

An phríomhaidhm atá le cúrsaí Gaeilge mar a dúirt SA ná, "is cuma cén áit a bhfuil siad ag fanacht an chúis nó an sprioc go bhfuil siad ag teacht anseo ná chun a bheith tumtha sa teanga". An ghné a ndéantar tuairisciú air sa rannóg seo ná tuairimí na stiúrthóirí agus na n-iarscoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge sa dá chineál lóistín. Is minic a samhlaítear dlúthcheangail idir lóistín le sealbhóir tí agus tréimhse sa Ghaeltacht ach dar ndóigh tá múnla an bhrú ann le blianta agus cuid de na coláistí cónaitheacha lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht. Thagair Peadar don íomhá seo,

> Cinnte nuair a smaoiníonn tú ar an nGaeltacht agus ag dul sall go dtí an Ghaeltacht an íomhá a fhaigheann tú ná an Bhean Tí agus ag fanacht sa teach agus ní raibh an taithí sin ag na daltaí sin bhí siad saghas ag dul go dtí scoil chónaithe agus Gaeilge an phríomhtheanga a bhí ann. (Peadar)

Mar a chonacthas thuas, ní mór do chúrsaí a bheith an-eagraithe sa bhrú agus bhí sé sin fíor dar leis na rannpháirtithe uilig ó thaobh na Gaeilge de freisin. Nuair a fiafraíodh de Réiltín cé acu ab'fhearr ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de, ní raibh aon amhras uirthi, "I'd say definitely if you are there for the Irish ... go to the Coláiste [brú] ... with the Coláiste first of all you are constantly supervised ... so there is always going to be someone there ... and the majority of the time the person that's there is a teacher or a supervisor". Bhí Tomás den tuairim chéanna,

> cheapas go raibh an taithí ar fheabhas ar fad ... nuair atá tú mar scoláire ní thuigeann tú go huile agus go hiomlán cad a bhíonn ag tarlú, ach ag féachaint siar mar cheannaire tá smacht an-mhaith ar an nGaeilge laistigh den lóistín mar sin. Daoine á spreagadh an t-am ar fad, tá gach duine á coimeád san áit céanna ag obair le chéile, daltaí ag meascadh le chéile, slua mór daltaí ann agus bíonn sé an-dearfach dar liom féin maidir leis an nGaeilge a spreagadh agus cabhraíonn sé sin go mór leis an méid ceannairí a bhíonn ag obair ann chomh maith. (Tomás)

Ba léir ó ráiteas Thomáis agus na rannpháirtithe eile go mba bhuntáiste mór a bhí ann an smacht sin a d'fhéadfaí a choinneáil ar iompar teanga na ndaltaí agus an cúnamh a d'fhéadfaí a thabhairt dóibh ar feadh an ama. Bhí Séamus den tuairim nár bhain sé seo le líon na gceannairí amháin,

> Is dóigh liom féin go mbaineann sé leis an bpríomhoide go príomha mar tagann sé ón mbarr anuas ... go gcaitheann lucht eagraithe an chúrsa a bheith dírithe i gceart ar an gcúram agus ard ionchais a bheith acu ó thaobh iompar teanga na scoláirí. (Séamus)

Tuairim measartha comónta a bhí anseo i measc na n-iarscoláirí go raibh cur chuige agus cuspóirí lucht eagraithe na gcúrsaí níos tábhachtaí ná an cineál lóistín. Bhí an tuairim seo ag teacht leis na stiúrthóirí freisin a chreid gur bhraith na torthaí Gaeilge ar éiteas, cuspóirí agus cur chuige an choláiste seachas leis an gcineál lóistín.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe uilig an raibh saghas amháin lóistín níos fearr ná an ceann eile maidir le foghlaim na Gaeilge. Is díol spéise é an méid a bhí le rá ag Peadar faoina thaithí ag fanacht le sealbhóir tí,

> Ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de, cinnte d'fhoghlaimíomar an Ghaeilge, ach n'fheadar ar fhoghlaimíomar an méid is gur cheart dúinn a fhoghlaim. Bhí sé difriúil ón gColáiste [brú]. Mar sa Choláiste bhí na cinnirí timpeall agus bíonn feitheoireacht á déanamh acu an t-am ar fad. Nuair a bhí tú ag bean an tí, bhí am saor agat i rith an lae agus is dócha ní raibh an bhéim ar an nGaeilge sna hamanna saor. Bhí tú i dteagmháil leis na daltaí ós na tithe eile agus ní raibh an méid feitheoireachta déanta orainn chun a bheith ag caint Gaeilge sna hamanna saora is dócha. (Peadar)

Bhí sé le tuiscint ó go leor de na hiarscoláirí go raibh an taithí thumtha ní ba láidre nuair a d'fhan siad i mbrú seachas le sealbhóir tí. Bhraith sé sin dar ndóigh ar dhóthain foirne agus ceannairí a bheith ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na scoláirí. Bhí na tuairimí seo ag teacht leis na stiúrthóirí a leag béim ar thábhacht na feitheoireachta agus na buntáistí a bhain léi. Mar a dúirt Aoife, "bhí níos mó feitheoireachta sa bhrú agus ciallaíonn sé sin is dócha gur labhair mé níos mó Gaeilge". Lean sí uirthi le gné eile, "bhí cineál imní orm a bheith ag caint leis an mbean tí ach bhí na maoirseoirí sa bhrú cineál ar chomhaois liom saghas nó bhí siad ina fichidí nó ocht mbliana déag d'aois agus bhí mé sásta labhairt leo". Bhí sé seo ag teacht le tuairim SA a dúirt,

> Níl fhios agam b'fhéidir an buntáiste é nó an bhfuil seans go bpiocfaidís suas nó go mbeidís sásta an teanga a labhairt níos mó le ceannaire atá 20 seachas le b'fhéidir sealbhóir tí atá 60 nó 70. Cinnte tá ról aige sin agus b'fhéidir an ról a bheadh ansin ag an sealbhóir tí ná b'fhéidir saibhreas na teanga go mbeadh b'fhéidir líofacht agus saibhreas na teanga i bhfad níos fearr sa tigh ná mar a bheadh ag an duine óg. (SA)

D'aithin Aoife na gnéithe ar leith a bhí le fáil trína bheith ag fanacht le teaghlach nach bhféadfaí a bhlaiseadh i mbrú,

> is cuimhin liom uair amháin bhí páistí óga ag bean an tí agus bhíomar i gcónaí ag caint leis na páistí óga agus bhí siad ag caint Gaeilge linn ... is cuimhin liom nuair a bhí mé i mo dhéagóir ... cheap mé go raibh sé sin dochreidte go raibh páistí le Gaeilge ... bhí sé sin an-aisteach domsa agus is dócha gur spreag sé sin an Ghaeilge ionam mar chonaic mé go raibh fíordhaoine ag baint úsáid as an teanga in Éirinn agus ní teanga scoile amháin é, is teanga beo í. (Aoife)

Léiríonn ráitis Aoife agus SA tuairimí a bhí coitianta i measc na rannpháirtithe, go raibh lóistín sa bhrú an-éifeachtach chun úsáid agus foghlaim na Gaeilge a spreagadh ach go raibh gnéithe difriúla le fáil tríd an lóistín le sealbhóir tí. Dar le Ciara, "tá sé saghas draíochtúil ... bhí siad ag caint mar gheall ar cad a bheidh acu don bhricfeasta agus le haghaidh an dinnéar agus cúrsaí feirmeoireachta ... bíonn tú ag éisteacht le gnáthchaint an lae agus rud álainn é sin sna tithe". Leag Grace béim ar na buntáistí fanacht le sealbhóir tí chomh maith,

> There were definitely quite a lot of advantages I think staying with a family that's like immersed in the Irish Language because you know you got to see daily life, you heard the real spoken Irish rather than say ... in school its very much textbook Irish. (Grace)

Lean sí uirthi ag tarraingt ar an taithí fhairsing a bhí aici gur bhraith go leor ar an teaghlach lenar fhan sí,

> It greatly depended then on the family you were with. Some families really included the students in their daily activities whereas some families didn't. We were seen as people that were fed and watered and kept happy in that sense. Some families ... I don't think they made enough of an effort, just from my experience anyway. But I think the ones that did; I definitely think it made such a difference ... I suppose because I've had quite a few different experiences it kind of

> varies, so there was no one particular family that was fantastic or anything like that, it's varied … Some of them barely spoke to us. (Grace)

Bhí an taithí seo ag teacht le ráiteas SD, "braitheann sé ar an méid meascadh a dhéanann an bhean tí agus athraíonn sé sin ó bhean an tí amháin go bean an tí eile". Léirigh taithí Shinéad na deiseanna foghlama is féidir tarlúint le sealbhóirí tí,

> Tagann sé sin ar ais go dtí gur tuismitheoirí iad ... tá fhios agam nach bhfuilimid á thógáil acu, ach fós tá an ról sin acu go neamhfhoirmiúil. Ní bhíonn tú ag súil leis sin nuair atá tú ag dul ar an gcúrsa Gaeltachta ar ndóigh, ceapann tú go bhfuil tú chun gach rud a fhoghlaim sna ranganna agus sa choláiste [brú], ach tarlaíonn an fhoghlaim taobh amuigh de sin chomh maith. (Sinéad)

Ba trína bheith ag fanacht le sealbhóir tí sa Ghaeltacht a fuair Kate cur amach ar chanúintí éagsúla,

> Ó a bheith i nGaeltacht X ach go háirithe ... chabhraigh sé sin go mór le feiceáil 'ó, wow tá siad in ann a bheith ag maireachtáil trí Ghaeilge an t-am ar fad', tá sé sin iontach, níor thuig mé é sin go ndeachaigh mé chuig an nGaeltacht ... ní raibh an coincheap sin feicthe agam riamh só bhí sé sin an-tábhachtach le feiceáil agus le tuiscint agus chomh maith leis sin ó thaobh na Gaeilge de, tá ardchaighdeán Gaeilge sa dá saghas suanlios ach níor thuig mise aon rud faoi chanúint go dtí gur fhreastal mé ar Ghaeltacht Y agus mhínigh siad é sin dom go maith agus fiú chuala mé an focal 'gabh i leith' don chéad uair agus cheap mé gurb é sin ainm an mhadra go dtí go dtí gur mhínigh duine éigin dom sin 'tar anseo'. Rudaí mar sin nach raibh ar eolas agamsa riamh agus bhí sé sin go hálainn. (Kate)

Thacaigh Sinéad le Kate nuair a dúirt sí, "mholfainn na sealbhóirí tí thar an coláiste [brú] ó thaobh canúintí de". Bhí an tuairim seo a leanas ag Réiltín,

> if you are staying in the Coláiste [brú] you probably would be speaking more Irish, but you would be getting Irish from the instructors that the majority of the time is from Dublin or from Cork or somewhere completely different so a different kind of Irish, I guess. (Réiltín)

Bhí Séamus ag teacht le Réiltín maidir le breis Gaeilge sa bhrú,

> nuair a bhíonn na scoláirí ag fanacht abair i dtig nó le sealbhóirí tí is dócha ná bíonn na deiseanna céanna cumarsáide acu is a bhíonn acu nuair a bhíonn siad ag freastal ar chúrsa i gcoláiste [brú] agus an rud is mó a déarfainn go príomha ná déarfainn gur mó na deiseanna cumarsáide a bhíonn acu agus iad i mbrú ... ná mar a gheobhaidís in sa tigh sin. Mar mhalairt de sin an rud a bhraithim ná, ag brath ar an tigh ina bhfuil siad, seans maith go bhfaighfeá blaiseadh níos fearr ar theanga níos saibhre, pé slí go ndéanfaimís cur síos air sin, ins na tithe, bí cinnte. (Séamus)

Cé go ndúirt a lán de na rannpháirtithe go raibh níos mó Gaeilge sa bhrú, míbhuntáistí a bhain leis an mbrú dar le hAoife, "ná d'fhéadfadh leat a bheith áit ar bith sa tír ... níl fhios agat go bhfuil tú i nGaeltacht X nó i nGaeltacht Y ... níl aon chineál tobar ann is dócha". Chun cúiteamh a dhéanamh air seo dúirt (SB),

> Thógamar lucht na Gaeilge isteach go dtí an Coláiste agus leagamar síos amanna ina mbeadh muintir na háite istigh ag roinnt scileanna agus ag roinnt eolais agus ag roinnt caitheamh aimsire leis na mic léinn agus bhí foireann dár gcuid féin leo ins an seomra bia agus amuigh sa tráthnóna agus gach rud mar sin. (SB)

Feictear mar sin, cé go bhfuil sé níos éasca caighdeán na taithí agus fhoghlaim na Gaeilge a chinntiú i mbrú, go bhfuil an taithí atá le fáil ó shealbhóir tí difriúil. Bhí an chomhairle seo a leanas ag Kate maidir le scoláirí óga ag dul chun na Gaeltachta,

> b'fhéidir go mbeadh sé go maith daltaí níos óige a chur chuig na suanlios agus ansin nuair atá tuiscint níos fearr ... an bhunchéim ar an nGaeilge acu, go mbeadh sé níos fearr dóibh ansin

> dul ar aghaidh chuig na tithe mar is taithí an-mhaith é sin agus ceapaim go mbainfidh siad an tairbhe as sin chomh maith. (Kate)

Straitéis atá ag roinnt coláistí le cinntiú go mbíonn an oiread Gaeilge agus is féidir á labhairt ag na scoláirí a fhanann le sealbhóirí tí ná ceannaire a bheith i ngach teach. Ach mar a léirigh Tomás, ní féidir a bheith cinnte i gcónaí go mbeidh rath ar an bpolasaí sin,

> Ceannairí, nuair a bhíos ag obair mar mhúinteoir ann ... deineann siad cairdeas níos fearr leis na daltaí nuair atá siad ag roinnt na tithe le chéile ... ní chuireann siad an méid sin béime ar an nGaeilge leis na daltaí ... agus uaireanta bíonn na ceannairí ag spalpadh Béarla leis na daltaí chomh maith. (Tomás)

Ar an iomlán, nuair a fiafraíodh de na stiúrthóirí agus de na hiarscoláirí an raibh cineál amháin lóistín níos fearr ná an ceann eile ó thaobh na Gaeilge de, bhí siad den tuairim go raibh buntáistí ag an dá chineál agus bhí ráiteas SA ionadaíoch ar na tuairimí,

> is dócha go mbíonn amanna sa lá go mbíonn an brú níos fearr agus ansin go mbíonn amanna go mbíonn an tigh níos fearr ach ansin a mhalairt go mbíonn na hamanna go mbíonn laigí ann. Is dócha ar an mór iomlán, ní dóigh liom é. Is dóigh liom go mbíonn an saghas '*exposure*' céanna acu don teanga, pé áit ina bhfuil siad, ach b'fhéidir ag amanna difriúla don lá. (SA)

**Cúrsaí lóistín agus aois**

Mar a léirítear in Aguisín B, fiafraíodh de na hiarscoláirí, 'Dá mbeadh ort cineál amháin lóistín a roghnú thar an gceann eile, cé acu a roghnófá agus cén fáth?' Tuairim a nocht cuid mhaith díobh mar fhreagra ar an gceist seo ná go mbeadh an brú ní b'oiriúnaí do scoláirí níos óige. Dar le Grace,

> Maybe 10 to 13, 14-year-olds, because you have so many adults working with you, you have teachers, all the Cinnirí and they kind of need that support because it might be the first time they are away from parents … I think the younger children definitely. I don't think it necessarily suits older children, or teenagers say, or even adults … I just feel at that age you need a bit more independence. (Grace)

Bhí tuairim Grace coitianta i measc na n-iarscoláirí. Bhraith cuid de seo ar an taithí a bhí acu féin ar an gcéad chúrsa Gaeltachta mar a léirigh Kate,

> Bhuel ar an gcéad chúrsa d'fhan mé le sealbhóir tí agus bé sin an chéad uair as baile domsa só chabhraigh sé go mór go raibh teaghlach ann agus go raibh mé in ann é sin a fheiceáil. Thuig siad go raibh mé an-óg agus thug siad aire dom agus bhí sé sin an-dheas agus thaitin an saghas lóistín sin go mór liom. Ní raibh aon taithí agam ar aon sórt lóistín eile go dtí go raibh mé píosa beag níos sine só cheap mé i gcónaí, 'ó is aoibhinn liomsa na tithe, nílim riamh ag iarraidh fanacht in aon áit eile'. Cinnte gur athraigh mé mo intinn píosa beag ansin nuair a d'fhan mé i mbrú. Bhí mé mar chinnire ann agus bhí mise ag ceapadh, 'ó, tá sé níos fearr dul chuig na tithe ar do chéad cúrsa' mar go bhfuil tú ag fanacht le teaghlach, ach ní hé sin an cás dar liom. Cinnte ó bheith ag fanacht i mbrú go bhfuil gaol níos fearr nó níos cóngaraí nó éiríonn an cúrsa ar fad níos cóngaraí i bhfad níos tapúla agus mar sin nuair atá na daltaí ag mothú uaigneach, ní mhaireann sé sin i bhfad. (Kate)

Bhí sé spéisiúil mar sin i gcás Kate, an chaoi a d'athraigh sí a hintinn nuair a bhí taithí eile aici. Bhí Peadar den tuairim chéanna maidir le scoláirí níos óige agus brú,

> Tá níos mó tacaíochta ar fáil dóibh ó thaobh a bheith ag iarraidh socrú isteach gan an iomarca uaignis a bheith acu. Bímid i gcónaí ag caint ar uaigneas, uaigneas baile nuair a bhíonn siad ag

> fanacht sa Ghaeltacht agus a leithéid. Sin an rud a ritheann liomsa. Oireann an Coláiste [brú] dos na scoláirí níos óige déarfainn. (Peadar)

Thacaigh Antóin leis an tuairim seo nuair a dúirt sé,

> braithim féin go mb'fhéidir nach bhfuil sé chomh spraíúil san do na daltaí níos aosta … bhraithfeá dá mbeifeá mar dalta Ardteiste go bhfuil an iomad súil á choimeád ort. (Antóin)

Bhí tuairim éagsúil ag Tríona a cheap,

> go bhfuil sé níos fearr duit Bean an Tí ... chun a bheith mar an gcéanna le do teach féin ... má bhíonn tú níos sine agus má tá níos mó taithí agat a bheith as baile bheadh an Coláiste [brú] mar lóistín níos fearr duit ceapaim. (Tríona)

Agus í ag machnamh ar an gceist faoin gcineál lóistín ab fhearr, mheas Aoife ar dtús go mbeadh an brú ní b'fhearr ach, mar a dúirt sí,

> b'fhéidir go bhfuil mé ag athrú mo intinn anois agus mé ag labhairt ...dá mbeadh páiste níos óige agam ... páiste bunscoile bheadh mé níos compordaí iad a sheoladh chuig an brú mar ...mar a dúirt mé leis an feitheoireacht cinnte agus bheadh daoine ann chun aire a thabhairt don páiste ... ach ag an am céanna tá Bean an tí cosúil le Mamaí ...tá sé sin go deas do na páistí óga freisin. Is ceist an deacair é sin mar braitheann sé go huile agus go hiomlán ar an páiste. (Aoife)

Mar a dúirt Aoife, braitheann an rogha cuid mhaith ar an bpáiste agus a chuid riachtanas agus a phearsantacht. Braitheann an rogha freisin ar an gcuspóir atá ag an tuismitheoir. Bhí SA agus SD den tuairim gur fearr do pháistí óga fanacht le sealbhóir tí agus gurb é sin an chomhairle a thugann siad do thuismitheoirí mar a mhínigh SD, "má tá do pháistí ag teacht don chéad uair, b'fhéidir gur fiú dóibh fanacht le Bean an Tí. É sin ráite, diúltaíonn a lán tuismitheoirí, deireann siad '*no*', tá mo mhac nó iníon ag iarraidh fanacht sa choláiste [brú]".

## Tátal agus Moltaí

Príomhaidhm na gcúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht dar leis na stiúrthóirí agus na hiarscoláirí ná foghlaim na Gaeilge. Foghlaimíonn na scoláirí an Ghaeilge sna ceachtanna foirmiúla sna seomraí ranga, lasmuigh den rang sna himeachtaí spóirt agus caitheamh aimsire a eagraítear, agus sa lóistín. Ba é cuspóir an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le lóistín le sealbhóir tí agus i mbrú ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de. Bailíodh tuairimí ó cheathrar stiúrthóirí a bhfuil taithí na mblianta acu cúrsaí Gaeilge a eagrú ina bhfuil an dá chineál lóistín. Cuireadh 15 iarscoláire faoi agallamh lena dtuairimí a fháil freisin. Iarscoláirí iad seo a bhí tar éis freastal ar shé chúrsa Gaeilge ar an meán. Bhí na hiarscoláirí seo in ann breathnú siar ar an taithí a bhí acu agus athmhachnamh a dhéanamh uirthi. Bhain cuid den taithí a bhí acu leo ag feidhmiú mar cheannairí agus bhí cúpla duine tar éis a bheith ina múinteoirí.

Ba léir gur bhraith feabhas na gcúrsaí, ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de, ar an bhfís a bhí ag na stiúrthóirí agus lucht eagraithe na gcúrsaí. Ar na príomhoidí a thit sé ansin an fhís sin a chur i gcrích agus labhair go leor de na hiarscoláirí faoi thiomantas an phríomhoide i leith na Gaeilge. Bhí ról an-tábhachtach ag na múinteoirí chomh maith, dar ndóigh, ach tá an taighde seo ag díriú ar an am a chaitheann na scoláirí sa lóistín lasmuigh de na ranganna agus na himeachtaí foirmiúla. Is iad na ceannairí agus na sealbhóirí tí is mó a mbíonn teagmháil ag na scoláirí leo sna tréimhsí seo.

Tuairim shuimiúil a tháinig chun cinn ó na hiarscoláirí ná gur bhraith siad go raibh níos mó Gaeilge le foghlaim sa bhrú agus go mb'fhéidir nach raibh cuid acu réidh le leas iomlán a bhaint as na deiseanna sealbhaithe teanga le sealbhóir tí. Tagann sé seo le taighde Kinginger agus Wu (2018), a léirigh go bhféadfadh lóistín i mbrú a bheith an-tairbheach ach na cúinsí a bheith i gceart. Ba léir ó na hiarscoláirí

go raibh an t-eispéireas tumtha ní ba dhéine i mbrú. Tagann na tuairimí seo le taighde Netten agus Germain (2004) faoi bhunleibhéal cumarsáide a bhaint amach. Bhí méid áirithe Gaeilge sealbhaithe ag na scoláirí seo ina scoileanna ach, ar an iomlán, ní raibh an cumas acu iad féin a chur in iúl go fóill. Thug an dianchúrsa Gaeilge agus an tacaíocht leanúnach i bhfoirm scafláil teagaisc (Ellis & Shintani, 2014) ó na ceannairí, a bhí ailínithe lena gcumas (Lantolf, 2012), an deis dóibh an chéim sin a bhaint amach. Bhí go leor acu ní ba mhuiníní nuair a d'fhreastail siad ar chúrsaí sna blianta ina dhiaidh sin agus d'fhéadfaidís dul chun cinn níos fearr a dhéanamh trí chumarsáid a dhéanamh leis na sealbhóirí tí (Leonard & Shea, 2017) agus tuiscint ní b'fhearr a bheith acu ar an saibhreas Gaeilge agus gnéithe réigiúnacha (Regan et al., 2009) a bhí le sealbhú ó na sealbhóirí tí.

Cé go ndúirt na hiarscoláirí go bhféadfaí níos mó Gaeilge a shealbhú sa bhrú, d'aithin siad gur eispéireas difriúil a bhí ann. Bhí gnéithe éagsúla den Ghaeilge le foghlaim ó na sealbhóirí tí. Mheas siad gur thug sé an Ghaeilge lasmuigh den scoil agus den seomra ranga. Bhí deis acu Gaeilge nádúrtha chanúnach a chloisteáil agus maireachtáil le teaghlaigh a raibh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide acu. Chuaigh an taithí a bhí ag cuid acu páistí óga a chloisteáil ag labhairt Gaeilge i bhfeidhm go mór orthu. Luaigh cuid de na hiarscoláirí freisin go bhfuil cairdeas acu le cuid de na teaghlaigh lenar fhan siad go fóill. É sin ráite, thuairiscigh siad gur thaithí mheasctha a bhí ann agus gur bhraith sé ar an sealbhóir tí. Níor léirigh gach sealbhóir tí an tsuim chéanna iontu ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de.

Feictear mar sin go bhfuil láidreachtaí agus laigí ag baint leis an dá chineál lóistín agus i bhfianaise na ndeacrachtaí atá i nGaeltachtaí áirithe sealbhóirí tí nua a earcú, is léir go bhfuil ról ag an dá shaghas lóistín i bpleanáil do chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht sa todhchaí.

## 2 Tuairimí oifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta.

Chun léargas a fháil ar dhearcadh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RnaG feasta) agus Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta, cuireadh beirt oifigeach, duine sa dá eagraíocht, faoi agallamh. Cé nach bhfuil ról díreach ag ÚnaG maidir leis na coláistí samhraidh bíonn sé ag plé le comharchumainn agus d'fhéadfadh baint indíreach a bheith ann sa chás sin. Cuireann RnaG maoiniú ar fáil do 700 teaghlach faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge chun lóistín a chur ar fáil do suas le 27,000 scoláire in aghaidh na bliana a fhreastalaíonn ar cheann de na 42 coláiste ar fud na Gaeltachta. Más é príomhaidhm na gcúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht i súile na dtuismitheoirí agus na bhfoghlaimeoirí fásta ná foghlaim na Gaeilge trí thaithí thumtha sa teanga, léirigh oifigeach RnaG go raibh an dara haidhm ann. Anuas ar "deiseanna foghlama a chur ar fáil do dhaoine ó thaobh na teanga sa nGaeltacht" luadh,

> dáiríre sin an príomhsprioc atá leis ná is bealach chun tacaíocht a chur ar fáil dos na teaghlaigh Ghaeltachta agus is ar an mbunús sin go n-íocann an Roinn fordheontas ó thaobh lóistín leis na teaghlaigh a chuireann lóistín ar fáil dos na scoláirí ar fad atá siad ag déanamh na cúrsaí sin (Oifigeach RnaG).

Íocann RnaG €10 an scoláire in aghaidh na hoíche atá ar lóistín i dteaghlach ach ní íoctar ach €5 in aghaidh na hoíche as fanacht i mbrú. Tá tábhacht ar leith leis an dara sprioc mar go n-athraíonn sé an fócas a bhí i gcuid a trí den tuarascáil seo go cuspóir níos leithne ná foghlaim na Gaeilge. Mar a léiríodh thuas, tá buntáistí agus míbhuntáistí leis an dá chineál lóistín chomh fada is a bhaineann sé le foghlaim na Gaeilge ach ní féidir a mhaíomh go dtacaíonn lóistín i mbrú go díreach le teaghlaigh Ghaeltachta cé go bhféadfadh sé tacú leis an bpobal trí chéile.

Bíonn RnaG freagrach as caighdeán an lóistín a chinntiú agus gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an tí. Bhí na hoifigigh eolach ar dhúshláin a bheith ann sealbhóirí tí a mhealladh le lóistín a chur ar fáil i gceantair áirithe de bharr deiseanna eile oibre a bheith ar fáil nach raibh chomh séasúrach le lóistín na gcoláistí Gaeltachta. Mheas oifigeach ÚnaG, mar shampla, nach raibh "an tionscal turasóireachta chomh forbartha i gceantair eile" (Oifigeach ÚnaG) is a bhí i gCorca Dhuibhne. Luadh an sampla de na dúshláin a bhíonn ag ÚnaG na scéimeanna fostaíochta pobail a choinneáil ar siúl i rith an tsamhraidh i gCorca Dhuibhne le hais ceantair Ghaeltachta eile de bharr na ndeiseanna fostaíochta atá sa tionscal turasóireachta. Thuig siad chomh maith na freagrachtaí atá ar shealbhóirí maidir le feidhmiú in *loco parentis* ar feadh tréimhse agus ar na hathruithe saoil ar thagair na stiúrthóirí dóibh i gcuid a trí thuas. Chun cuidiú leis na dúshláin seo is é cur chuige RnaG tacú leis na pobail trí scéimeanna a mhaoiniú,

> le go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag na teaghlaigh sin agus ag súil ansin go mbeadh líonra teaghlaigh ar fáil dúinn ...do na Coláistí le bheith mar chuid den scéim …mar ag deireadh an lae mura bhfuil na teaghlaigh áitiúil ag tógáil a gcuid gasúir le Gaeilge ní bheidh siad incháilithe don scéim seo ...is infheistíocht sa gcéim roimhe sin (Oifigeach RnaG).

Maidir le ceantar Chorca Dhuibhne féin, cheistigh oifigeach RnaG rath na scéimeanna a bhfuil infheistíocht mhór déanta iontu mura bhfuil soláthar sealbhóirí tí ann. Tagraíodh ach go háirithe don scéim Tús Maith agus an obair mhór atá déanta agus an tacaíocht atá tugtha do theaghlaigh go labhróidís an Ghaeilge lena bpáistí ón tús. Léirigh an anailís ar líon na gcainteoirí Gaeilge i mBaile an Fheirtéaraigh agus Ceann Trá i gcuid a dó thuas, mar shampla, go raibh neart cainteoirí Gaeilge sna haoisghrúpaí cearta ach nach raibh dóthain acu ag teacht chun cinn mar shealbhóirí tí in ainneoin iarrachtaí Choláistí Chorca Dhuibhne iad a earcú. Léirigh an anailís a rinne Ní Chuaig et al. (2021) go raibh 254 teaghlach i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar a labhair Gaeilge go laethúil de réir

Dhaonáireamh 2016. B'in 34% de líon iomlán na dteaghlach. Cé go bhfuil an figiúr sin níos ísle ná mar gur mhaith leat, bheifeá ag súil go mbeadh dóthain teaghlach ina measc leis an éileamh ar shealbhóirí tí do na coláistí Gaeltachta a shásamh. D'fhéadfadh an figiúr sin a bheith ní b'ísle fós murach an spreagadh agus an tacaíocht a fhaigheann teaghlaigh le Gaeilge a labhairt. Dealraíonn sé go mb'fhéidir go bhfuil tosca eile ann seachas dóthain teaghlach a labhraíonn Gaeilge a bheith ar fáil le go mbeadh soláthar sásúil sealbhóirí tí ann do na coláistí Gaeltachta. Is dócha go bhfuil tionscal na turasóireachta, ar thagair oifigeach ÚnaG dó thuas, agus na freagrachtaí a bhaineann le daoine óga a choinneáil sa lá atá inniu ann ar na tosca eile is mó.

Bhí oifigeach RnaG an-soiléir nach bhfeiceann "an Roinn go bhfuil brúnna mar réiteach ar an bhfadhb …go háirithe i gceantar láidir Gaeltachta …agus an bhfuil a leithéid d'fhorbairt mar bhrú ag freastal ar an bhfadhb mícheart?" (Oifigeach RnaG). Luaigh an t-oifigeach faoi thrí le linn an agallaimh an imní atá ar an Roinn má tá líon na dteaghlach le Gaeilge ag titim in ainneoin na hinfheistíochta ar fad ar scéimeanna éagsúla le blianta anuas i gCorca Dhuibhne. Ábhar imní a bhí ann freisin "go bhfeictear é sin [brú] mar réiteach i gceantar láidir Gaeltachta a bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ag an Stát" (Oifigeach RnaG). Sa chás go raibh ró-éileamh ar chúrsaí i gceantar amháin, is é réiteach RnaG ná na scoláirí a scaipeadh amach chuig ceantair eile mar go mbíonn RnaG "ag breathnú amach don Ghaeltacht san iomlán agus ag cinntiú go bhfuil muid ag tacú le gach réigiún forbairt" (Oifigeach RnaG). Chonaic oifigeach ÚnaG go bhfuil "buanna móra ag baint le scoláirí a bheith ag fanacht i dtithe …seans go bhfuil siad níos fréamhaithe sa teanga …agus sa cheantar Gaeltachta …ach é sin ráite, mura bhfuil an rogha sin ann …tá an tionscal thar a bheith tábhachtach do na ceantair Ghaeltachta… Tá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne ag teacht aníos le bealach cruthaitheach a chinntiú go bhfanann an tionscal sa cheantar" (Oifigeach ÚnaG).

Gné eile a d'ardaigh oifigeach na RnaG ná bainistiú an iompair teanga i mbrú le hais na dteaghlach. Ceistíodh,

> an féidir a chinntiú cén teanga atá á labhairt, nó …ó thaobh deiseanna sealbhaithe agus saibhrithe, cé leis a bhfuil siad ag éisteacht agus ag caint nuair atá daoine ag fanacht i mbrúnna seachas le teaghlaigh? Níl siad ag cloisteáil na frásaí nádúrtha agus na nathanna cainte atá i mbéal an phobail agus sin iad na cineáil rudaí ar fad a theastaíonn (Oifigeach RnaG).

Nuair a cuireadh na ceisteanna seo i gcomhthéacs fhreagraí na n-iarscoláirí, chonaiceamar gur mheas na hiarscoláirí go raibh bainistiú ní b'fhearr ar a n-iompar teanga agus iad i mbrú. Thuig oifigeach ÚnaG go bhféadfadh buntáiste a bheith leis an dá chineál lóistín ach i gcás brú, "go bhféadfá cur chuige cinnte a fhorbairt nuair atá smacht agat ar an timpeallacht" (Oifigeach ÚnaG). Bhain cuid den smacht seo le ról lárnach na gcinnirí san obair agus iad a bheith oilte go maith leis na scoláirí a spreagadh agus cuidiú leo lena gcuid Gaeilge. Nuair a bhí bunús cumarsáide sa Ghaeilge ag na scoláirí bhain siad tairbhe níos fearr as an taithí fanacht le sealbhóir tí agus na frásaí nádúrtha a shealbhú. Tháinig sé chun solais gur ag Béarlóireacht a bhíodh na scoláirí uaireanta agus iad ag teacht agus ag imeacht ón gcoláiste go dtí an teach lóistín agus go deimhin go mbíodh cuid acu ag Béarlóireacht sna seomraí leapa sa teach lóistín. Ní raibh sé seo chomh coitianta má bhí cinnire oilte i bhfeighil orthu. Gné eile a d'ardaigh oifigeach RnaG ná an easpa teagmhála le pobal na Gaeltachta do na scoláirí sa bhrú agus go bhféadfadh an brú a bheith in aon áit sa tír i ndáiríre. D'aithin na hiarscoláirí an laige seo freisin agus luaigh cuid acu an tionchar a d'imir an taithí le sealbhóir tí orthu, go bhfaca siad gur teanga bheo í an Ghaeilge seachas ábhar scoile den chead uair. Chuala siad gasúir óga ag labhairt na Gaeilge go nádúrtha mar chuid den teaghlach.

Nuair a cheistíodh na hoifigigh faoi rioscaí don earnáil sna cúig bliana amach romhainn, luaigh siad iarmhairtí Covid agus an mbeadh teaghlaigh sásta glacadh le scoláirí agus scoláirí sásta seomraí

a roinnt. Bheadh RnaG ag iarraidh tacú oiread agus ab fhéidir le lucht eagraithe na gcoláistí agus rannpháirtithe eile leis na rioscaí seo a mhaolú. Mheas oifigeach ÚnaG go mb'fhéidir go mbeadh gá le feachtas láidir margaíochta le scoláirí a mhealladh ar ais tar éis briseadh dhá bhliain.

## Conclúid

An laghdú atá tar éis teacht ar líon na dteaghlach i gCorca Dhuibhne atá sásta lóistín a chur ar fáil do scoláirí Gaeltachta a spreag an taighde agus an anailís seo. D'aithin oifigeach RnaG "gur gá i gcásanna áirithe do na coláistí breathnú ar cén bealach gur féidir é sin a bhainistiú agus na roghanna a bheas ar fáil" (Oifigeach RnaG). Sin é an rud a leag Coláistí Chorca Dhuibhne amach rompu, breathnú ar na roghanna atá ar fáil dóibh. Rogha amháin is ea brú a fhorbairt. Chonaiceamar fianaise na n-iarscoláirí go bhféadfadh brú a bheith éifeachtach maidir le foghlaim na Gaeilge agus ní b'éifeachtaí ná lóistín le teaghlaigh má dhéantar bainistiú ceart air agus go leor cinnirí oilte a bheith fostaithe. Aithníodh an luach ar leith a bhain le lóistín le teaghlach chun Gaeilge bheo nádúrtha a chloisteáil agus a shealbhú. Ach mura mbíonn dóthain teaghlach ann, ní bhíonn an rogha sin ar fáil do gach scoláire. Feictear go mb'fhéidir gurb é réiteach RnaG ar an scéal ná na scoláirí sin a chur i dtreo ceantair eile Ghaeltachta. Bheadh sé sin tubaisteach do cheantar Chorca Dhuibhne. D'aithin oifigeach ÚnaG go bhfuil "an comharchumann áirithe seo chun cinn ar go leor eagrais phobail eile …tá siad ag cothú sruth ioncaim breise dóibh féin a théann isteach sa bhforbairt pobail agus …ag tarraingt ioncaim isteach ar bhonn níos leithne" (Oifigeach ÚnaG). Luaigh an t-oifigeach go bhfuil straitéis le foilsiú go luath ina n-aithnítear an bunús láidir fiontraíochta sóisialta a bhaineann leis na coláistí samhraidh, rud atá ar siúl i gCorca Dhuibhne le fada. Is léir mar sin go bhfuil ioncam na gcoláistí Gaeltachta, atá ina dtionscal teangabhunaithe, ag cothú go leor scéimeanna eile i gCorca Dhuibhne a théann chun leas na teanga. Ní mór gach rogha a iniúchadh leis an tionscal sin a chosaint le todhchaí na Gaeilge sa cheantar láidir Gaeltachta seo a bhuanú. Bheadh tógáil brú i measc na roghanna seo.

## 3 Tionchar na gColáistí Gaeilge ar gheilleagar na gceantar Gaeltachta, ar dhearcadh agus leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail Gaeltachta

An príomhchuspóir atá ag na coláistí Gaeltachta ná Gaeilge a mhúineadh do na scoláirí a fhreastalaíonn orthu le go gcuirfidís feabhas ar a gcuid Gaeilge ar bhealach taitneamhach a spreagfadh iad leis an teanga a labhairt agus leanúint orthu ag cur barrfheabhas ar a gcumas. Agus iad ag freastal ar na cúrsaí bíonn deis ag na scoláirí blaiseadh a fháil de chultúr na Gaeltachta agus machnamh a dhéanamh ar chúrsaí féiniúlachta. Is minic a thuigeann scoláirí áirithe den chéad uair gur teanga bheo chumarsáide í an Ghaeilge seachas ábhar scoile amháin. Bíonn tionchar ag na coláistí ar phobail na Gaeltachta chomh maith dar ndóigh. Ar iarratas ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, rinne Ní Ghallachair and Lyddy (2013) staidéar ar an gceist seo agus is féidir an tuarascáil iomlán a léamh ag an nasc seo a leanas: https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/tionchar-na-gcolaisti-gaeilge-ar-an-teanga-agus-ar-phobal-na-gaeltachta-samhain-2013.pdf. Tugtar achoimre anseo ar na torthaí a bhí ábhartha don taighde reatha.

D'eagraigh Ní Ghallachair & Lyddy (2013) 13 ghrúpa fócais sna ceantair Ghaeltachta uilig agus ghlac 50 duine san iomlán ó na pobail éagsúla páirt iontu. Chíor siad na ceisteanna seo a leanas sna grúpaí fócais:

1. Cén éifeacht a bhíonn ag na Coláistí Gaeilge ar an teanga?
2. Cén éifeacht a bhíonn ag na Coláistí Gaeilge ar an eacnamaíocht áitiúil?
3. Conas mar a bhíonn an teagmháil, an idirghníomhaíocht, idir muintir na háite agus muintir an Choláiste?
4. An rud maith é nó an drochrud é an Coláiste Gaeilge?
5. Céard a d'athrófá? (Ní Ghallachair & Lyddy, 2013: 54)

Léirigh tuairimí na rannpháirtithe go raibh tionchar dearfach ag na coláistí ar an nGaeilge agus a stádas sa phobal. Léiríodh gur acmhainn luachmhar í, "ní hamháin ar chúiseanna mórtas cine ach ar chúiseanna eacnamaíochta chomh maith" (Ní Ghallachair & Lyddy, 2013: 3). Chruthaigh na coláistí fostaíocht go háitiúil agus ba ghné thábhachtach den turasóireacht a bhí iontu freisin. I gcásanna áirithe, ba iad an t-aon teacht isteach a bhí ag roinnt mná tí. Luadh cás amháin, áfach, inar tháinig deireadh leis an gcoláiste mar go raibh fostaíocht ar fáil ag na mná sna bailte móra máguaird. Luaigh na rannpháirtithe go gcuireann na coláistí le geilleagar an cheantair. Tá sé seo ag teacht le taighde Uí Ghallachóir (2010) a léirigh gur fhreastail 21,600 scoláire ar choláistí Gaeilge in 2009 agus go mb'fhiú thart ar €50 milliún iad don Ghaeltacht ag an am. Cuireann na coláistí le beocht na gceantar freisin. Spreag na céilithe daoine óga na Gaeltachta le Gaeilge a labhairt. Ar an iomlán, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh ról tábhachtach ag na coláistí i ngeilleagar an cheantair agus gur bhronn siad stádas sa bhreis ar an nGaeilge. Tionscail theangabhunaithe is ea iad, a thugann cúis eile do mhuintir na Gaeltachta leis an teanga a labhairt agus a chur ar aghaidh go dtí an chead ghlúin eile. Ba mhinic a fostaíodh daoine áitiúla mar mhúinteoirí agus mar chinnirí. Tuairiscíodh i roinnt cásanna gurb é an t-ioncam ó na coláistí a chuir ar chumas na sealbhóirí tí a bpáistí a chur chun na hollscoile.

Maidir le cúrsaí sóisialta na Gaeltachta, mheas na rannpháirtithe gur chuir na scoláirí beocht sa cheantar gach samhradh. I gceantair áirithe, bhain na coláistí úsáid as ionaid a bhí ar fáil do mhuintir na háite an chuid eile den bhliain. Bíonn tionchar ag an idirghníomhaíocht a bhíonn idir na scoláirí agus muintir na Gaeltachta dar ndóigh. Mar a luadh sa tuairisc, "Is sna tithe a thuigeann na scoláirí, go minic don chéad uair, gur teanga bheo, agus nach ábhar scoile amháin, atá sa Ghaeilge" (Ní Ghallachair & Lyddy, 2013: 55).

I bhfianaise drochthionchair na paindéime ar líon na sealbhóirí tí a tharraing siar as an ngnó ó 2019 ar leithinis Chorca Dhuibhne, seoladh suirbhé náisiúnta chuig na coláistí Gaeltachta ar fud na tire le staitisticí a bhailiú. Feictear i dTáblaí 2-7 thíos na torthaí ó na contaetha éagsúla le titim chomh hard le 80% i gCorcaigh agus titim de 23% i nGaeltacht na Gaillimhe.

# 4 Léargas ar thábhacht na gcoláistí Gaeilge do cheantar Chorca Dhuibhne agus na dúshláin a bhaineann le hearcú sealbhóirí tí

**An tOllamh Pádraig Ó Duibhir**

## Cúlra agus bunús

Tá Coláistí Chorca Dhuibhne, atá lonnaithe in Áras Bhréanainn, i mBaile an Fheirtéaraigh in Iarthar Dhuibhneach, ar an bhfód anois le breis is daichead bliain. Is fochomhlacht de chuid Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne é, comharchumann a bunaíodh sa bhliain 1966.

Cuireann Coláistí Chorca Dhuibhne go mór le geilleagar na háite trí Chúrsaí Gaeilge a chur chun cinn. Comhlacht láidir, socair, rathúil é ó thaobh ioncaim agus ó thaobh bainistíochta de.

San áireamh i gColáistí Chorca Dhuibhne, tá cúig choláiste dhifriúla ó pharóistí éagsúla i gCorca Dhuibhne - Coláiste Bhaile an Fheirtéaraigh, Coláiste na Muirí, Coláiste na Feothanaí, Coláiste Cheann Trá, Coláiste na Minairde. Chomh maith leis sin, reáchtáiltear coláiste cónaithe i gColáiste Íde i mBaile an Ghoilín, lámh le baile an Daingin. Áirítear na coláistí seo go léir le chéile fé aon struchtúr bainistíochta amháin (Coláistí Chorca Dhuibhne) chun buntáiste an mhórscála a thógaint isteach sa ghnó. Baintear teacht isteach maith as Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí scoile idir 10-18 mbl., do mhic léinn oideachais fé oiliúint agus d'iarchéimithe.

Bíonn láimhdeachas de suas le €2.0 milliún in aghaidh na bliana ag gnó Choláistí Chorca Dhuibhne do limistéar Chorca Dhuibhne agus nuair a thógtar an gnó agus na seirbhísí breise a éilíonn sé san áireamh tá luach thart ar €7 milliún ag an ngnó seo do Chorca Dhuibhne. Níl ach Coláiste amháin i nGaeltacht Chiarraí inchurtha le han-chuid coláistí i gceantair Ghaeltachta eile. As an 27,000 daltaí a thagann go dtí na Gaeltachtaí ar fud na tíre ní thagann ach 10% go Gaeltacht Chiarraí.

Go dtí seo agus le blianta fada anuas d'fhanadh an chuid is mó de na daltaí agus na mic léinn i dtithe mhuintir na háite agus chomh maith leis sin i scoil chónaithe áitiúil (Coláiste Íde). Deineadh staidéar féidearthachta sa bhliain 2018 chun go ndéanfaí deiseanna maidir le háiseanna breise a thógaint i mBaile an Fheirtéaraigh, a mheas, áiseanna a chuirfí ar fáil do dhaltaí/mhic léinn Choláistí Chorca Dhuibhne.

Dhein na comhairleoirí taighde ar na riachtanais reatha atá ag Coláistí Chorca Dhuibhne, chomh maith le riachtanais a bheidh acu amach anseo, maidir le breis mac léinn agus daltaí scoile a mhealladh go Corca Dhuibhne. Deineadh an chailliúint a bheadh i gceist dá dtitfeadh líon na mban tí a chuireadh lóistín ar fáil, a mheas. Liostaí feithimh an-fhada ar áiteanna ar chúrsaí i lár an tsamhraidh an toradh ar an nganntanas leapacha ag sealbhóirí tí faoi láthair. Mar a sheas sé in 2018, bhí 44 soláthraí lóistín aonair ann a chuir lóistín ar fáil do thart ar 12 mhac léinn/dhalta ar an meán, ina dtithe príobháideacha féin. Tá an scéal sin imithe in olcas ó thús na paindéime. Tá curtha in iúl ag 20% de na sealbhóir tí go bhfuil siad ag tarraingt siar as an ngnó. Léirigh taighde 2018 gurb iad an dream ba shine a bhí ar tí éirí as ach baineann an laghdú reatha le haoisghrúpa níos óige. Nuair a ceistíodh iad faoi na cúiseanna a rabhadar ag éirí as luadh iliomad cúiseanna, ina measc bhí; fostaíocht eile a bheith ar fáil a raibh pá níos fearr ag dul leis, an iomarca freagrachta a bheith ag baint le scoláirí a choinneáil agus feidhmiú in

*loco parentis*, na costais imithe in airde agus an ráta deontais a bheith níos lú go fóill ná mar a bhí sé in 2010, scoláirí ró-éilitheach, agus gan aon phinsean a bheith ag baint leis an obair.

Bhí sé deacair ar Choláistí Chorca Dhuibhne sealbhóirí tí breise a mhealladh chun na hoibre le blianta beaga anuas. Tá an tuar tagtha faoin tairngreacht agus in olcas atá an scéal imithe. Meastadh in 2018 go dtitfidh láimhdeachas suas le €380,000 in aghaidh na bliana agus ioncam breise fá thrí sa gheilleagar áitiúil, mura gcuirfí líon cuí leapacha ar fáil, is €500,000 an titim a bheidh ann anois. Ní bheidh ar chumas dhaltaí Chúige Mumhan blas ná canúint Chúige Mumhan a fháil a thuilleadh má leanann an pátrún seo. Tá amhras ann faoi inmharthanacht Choláistí Chorca Dhuibhne mar gheall ar an nganntanas leapacha agus beidh impleachtaí ann do ghnólachtaí áitiúla agus do ghnéithe eile d'obair an Chomharchumainn, an fhorbairt pobail agus an Phleanáil Teanga mar shampla.

Glacann Coláistí Chorca Dhuibhne leis go gcaithfeadh aon mholadh ó thaobh socrú lóistín d'aon sórt eile a chuirfí chun cinn chun dul i ngleic leis an nganntanas lóistín, aird a bheith aige ar an ardluach a chuirtear ar an gcaidreamh teanga idir an scoláire agus an sealbhóir tí agus a teaghlach. Is fiú béim a choimeád ar an gcaidreamh seo i gcónaí, mar atá i mbrúnna ar fud na nGaeltachtaí eile, agus faoi mar a bhíonn ag Coláistí Chorca Dhuibhne i gColáiste Íde faoi láthair.

# 5 Tátal agus moltaí

Rinneadh iniúchadh sa tuarascáil seo ar fhadhb eiseach do Choláistí Corca Dhuibhne a bhain le titim a bhí tuartha ar líon na sealbhóirí tí a bheidh ar fáil sa todhchaí. Tá dlús curtha leis an scéal sin ag paindéim Covid agus titim ar líon na sealbhóirí tí atá ag cur lóistín ar fáil do scoláirí i mbliana. Chonacthas go bhféadfadh cúrsaí Gaeilge i mbrú cuidiú leis an mbearna lóistín a líonadh gan dochar a dhéanamh d'fhoghlaim na Gaeilge ach iad a bheith dea-eagraithe agus riartha i gceart. Tarraingíodh ar thaighde Ní Ghallachair & Lyddy (2013) le léargas a fháil ar an tionchar a bhíonn ag na coláistí ar na ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre agus i rannóg a ceathair rinneadh cur síos ar thábhacht Choláistí Chorca Dhuibhne do gheilleagar na leithinse. Tá na cúrsaí an-tábhachtach freisin le haghaidh chothú na teanga ar fud na tíre, dearcadh dearfach don teanga a choimeád láidir agus féinmhuinín as an teanga a labhairt a scaipeadh go forleathan. Is acmhainn bhunúsach do chultúr agus do gheilleagar na hÉireann í an Ghaeilge (Ó Brolcháin, 2011) agus tá ról lárnach ag Coláistí Chorca Dhuibhne an Ghaeilge a chaomhnú sa cheantar láidir Gaeltachta seo. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh na coláistí a choimeád láidir is éifeachtach. Tá dúshláin ar leith ag Coláistí Chorca Dhuibhne dóthain sealbhóirí tí a earcú de bharr deiseanna eile fostaíochta agus ioncaim a bheith ar fáil a bhfuil coinníollacha oibre níos fearr ag baint leo. Tá Coláistí Chorca Dhuibhne le moladh as teacht roimh an staid thubaisteach seo agus breathnú ar roghanna éagsúla leis an bhfadhb a réiteach má tá sé chun leanúint ag tacú le teaghlaigh an cheantair atá dílis don Ghaeilge. Níl a dhóthain lóistín ar fáil do na scoláirí na bliana seo agus cailliúint €0.5 milliún dá bharr. Ní bheadh múnla an bhrú ag teacht le fís na RnaG, áfach. Mar a nocht oifigeach de chuid RnaG in agallamh mar chuid den taighde, breathnaíonn RnaG ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge mar "bhealach chun tacaíocht a chur ar fáil dos na teaghlaigh Ghaeltachta". Mura mbeadh ceantar Chorca Dhuibhne in ann lóistín a chur ar fáil do líon na scoláirí atá ag iarraidh freastal ar chúrsaí an cheantair, bheadh RnaG sásta go rachaidís go ceantair Ghaeltachta eile nach bhfuil na roghanna céanna fostaíochta iontu. Léiríonn an taighde seo go mb'fhéidir nach é sin an cineál tacaíochta a theastaíonn ó chuid mhaith teaghlach i gCorca Dhuibhne agus go dteastaíonn múnla nua a thagann le treochtaí sóisialta an lae inniu.

Mar thoradh ar an taighde reatha déantar na moltaí seo a leanas:

1. An deontas a íoctar le sealbhóirí tí in aghaidh an scoláire a ardú go €12.50, rud a cliúltaíodh ar a laghad ráta an bhoilscithe ó 2010 go 2021. Níl ardú ráta boilscithe 2022 san áireamh anseo.
2. Na sealbhóirí tí reatha a mhealladh le leanúint leis an obair thábhachtach atá idir lámha acu agus a chinntiú go dtuigeann siad an ról atá acu maidir le saibhriú na Gaeilge.
3. Plean 5 bliana a leagadh amach chun go mbeadh sé le feiscint ag na Mná/Fir Tí conas mar a bheadh an ráta ceangailte leis an ráta bolscaireachta.
4. Ba chóir a aithint go bhfuil láidreachtaí agus laigí ag baint le lóistín le sealbhóir tí agus i mbrú is go bhfuil ról acu beirt i bpleanáil do chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht sa todhchaí.
5. An ráta céanna in aghaidh an scoláire a íoc beag beann ar an gcineál lóistín ina bhfanann siad, le sealbhóir tí nó i mbrú.
6. Iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar theaghlaigh cinneadh a dhéanamh dul i mbun na hoibre seo agus iad siúd a bhfuil suim acu inti a spreagadh.
7. Ról tábhachtach an cheannaire a aithint agus oiliúint chuí a chur orthu le gur féidir leo tacú leis na scoláirí an oiread Gaeilge agus is féidir a shealbhú beag beann ar an gcineál lóistín.
8. Níos mó daoine nó clannaibh a mhealladh chun meascadh leis na daltaí sna brúnanna go háirithe.
9. Sna ceantair ina bhfuil deacracht chreimthe sealbhóirí tí a stop mar nach bhfuil dóthain ag teacht isteach i gcóras na gcoláistí samhraidh, ba chóir don Roinn tacaíocht a chur ar fáil do choincheap na mbrúnna a bheith mar rogha ag Coláistí. Ba cheart go mbeadh an tacaíocht chéanna ann is atá ar fáil d'aon fhorbairt eile sna Gaeltachtaí.
10. Ardú sa tacaíocht chun tigh nua a mhealladh isteach sa chóras ó 20% go 80% agus so-lúbthacht a bheith ann ó thaobh na gcostaisí.

## Tagairtí


Allen, H. W. (2010). Language-learning motivation during short-term study abroad: An activity theory perspective. *Foreign Language Annals*, *43*(1), 27-49. https://doi.org/https://doi.org/10.1111/j.1944-9720.2010.01058.x

Azkue, J., & Perales, J. (2005). The teaching of Basque to adults. *2005*(174), 73-83. https://doi.org/doi:10.1515/ijsl.2005.2005.174.73

Braun, V., & Clarke, V. (2012). Thematic analysis. In H. Cooper (Ed.), *The handbook of research methods in psychology* (pp. 51–71). American Psychological Association.

Brinkmann, S., Flick, U., & Kvale, S. (2018). *Doing interviews* (2nd ed.). SAGE.

Cole, M., John-Steiner, V., Scribner, S., & Souberman, E. (1978). *Mind in society: The development of higher psychological processes. L. S. Vygotsky*. Harvard University Press.

Di Silvio, F., Donovan, A., & Malone, M. E. (2014). The effect of study abroad homestay placements: Participant perspectives and oral proficiency gains. *Foreign Language Annals*, *47*(1), 168-188. https://doi.org/https://doi.org/10.1111/flan.12064

Ellis, R., & Shintani, N. (2014). *Exploring language pedagogy through second language acquisition research*. Routledge.

George, A. (2019). Study abroad homestay versus dormitory. *Spanish in Context*, *16*(1), 77-103. https://doi.org/10.1075/sic.00027.geo

Kinginger, C. (2009). *Language learning and study abroad: A critical reading of research*. Palgrave Macmillan. https://doi.org/https://doi.org/10.1057/9780230240766

Kinginger, C., & Wu, Q. (2018). Learning Chinese through contextualized language practices in study abroad residence halls: Two case studies. *Annual Review of Applied Linguistics*, *38*, 102-121. https://doi.org/10.1017/S0267190518000077

Lantolf, J. P. (2012). Sociocultural theory: A dialectical approach to L2 research. In S. M. Gass & A. Mackey (Eds.), *The Routledge handbook of second language acquisition* (pp. 57-72). Routledge.

Leonard, K. R., & Shea, C. E. (2017). L2 speaking development during study abroad: Fluency, accuracy, complexity, and underlying cognitive factors. *The Modern Language Journal*, *101*(1), 179-193. https://doi.org/https://doi.org/10.1111/modl.12382

Lightbown, P. M., & Spada, N. (1994). An innovative program for primary ESL students in Quebec. *TESOL Quarterly*, *28*(3), 563-579.

McManus, K., Mitchell, R., & Tracy-Ventura, N. (2021). A longitudinal study of advanced learners' linguistic development before, during, and after study abroad. *Applied Linguistics*, *42*(1), 136-163. https://doi.org/10.1093/applin/amaa003

Mitchell, R. (2015). The development of social relations during residence abroad. *Innovation in Language Learning and Teaching*, *9*(1), 22-33. https://doi.org/10.1080/17501229.2014.995762

Mitchell, R., McManus, K., & Tracy-Ventura, N. (2017). *Anglophone students abroad: Identity, social relationships and language learning*. Routledge, Taylor & Francis Group.

Moore, I., Torgerson, C., & Beckmann, N. (2021). Systematic review measuring the efficacy of study abroad in undergraduate language learners on linguistic proficiency gains. *Review of Education*, *9*(3), e3306. https://doi.org/https://doi.org/10.1002/rev3.3306

Netten, J., & Germain, C. (2004). Theoretical and research foundations of intensive French. *The Canadian Modern Language Review*, *60*(3), 275-294.

Netten, J., & Germain, C. (2009). The future of intensive French in Canada. *The Canadian Modern Language Review*, *65*(5), 757-786.

Ní Chuaig, N., Ó Brolcháin, C., Ní Chlochasaigh, K., & Ó Ceallaigh, T. J. (2021). *Staidéar ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge laistigh de na Limistéir Oifigiúla Gaeltachta*. Tuismitheoirí na Gaeltachta. https://tuismitheoiri.ie/wp-content/uploads/2021/08/Tuarasca%CC%81il-Taighde-Teaghlaigh-2021.pdf

Ní Ghallachair, A., & Lyddy, F. (2013). *Tionchar na gColáistí Gaeilge ar an teanga agus ar phobal na Gaeltachta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/tionchar-na-gcolaisti-gaeilge-ar-an-teanga-agus-ar-phobal-na-gaeltachta-samhain-2013.pdf

Ní Ghallachóir, G. (2010). *Tuarascáil ar shuirbhé: Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge*. An Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta.

Ó Brolcháin, F. (2011). *Meon Gaelach, Aigne Nuálaíoch*. Coiscéim.

Ó Giollagáin, C., & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & O'Brien, M. (2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.

Regan, V., Howard, M., & Lemée, I. (2009). *The acquisition of sociolinguistic competence in a study abroad context*. Multilingual Matters. http://capitadiscovery.co.uk/dcu/items/553146

Sauer, L., & Ellis, R. (2019). The Social Lives of Adolescent Study Abroad Learners and Their L2 Development. *The Modern Language Journal*, *103*, 739-762. https://doi.org/10.1111/modl.12589

Serrano, R., & Muñoz, C. (2007). Same hours, different time distribution: Any difference in EFL? *System*, *35*(3), 305-321. https://doi.org/https://doi.org/10.1016/j.system.2007.02.001

Stern, H. H. (1985). The time factor and compact course development. *TESL Canada Journal*, *3*(1), 13-27.

## Aguisín A: Ceisteanna d'agallaimh na stiúrthóirí

1. Cé mhéad bliain a bhfuil cúrsaí Gaeilge á n-eagrú agat?
2. Thart ar cé mhéad cúrsa agus mac léinn a fhreastalaíonn ar an gColáiste gach bliain?
3. An bhféadfá a insint dom faoin gcóiríocht a sholáthraíonn tú do na scoláirí?
4. An bhfuil dúshláin ann an chóiríocht sin a aimsiú agus a chur ar fáil?
5. Cad é an briseadh síos idir cóiríocht teaghlaigh agus suanlios / brú?
6. An bhfuil sé níos deacra ort cineál amháin cóiríochta a sholáthar thar an gceann eile?
   - An bhfeiceann tú go bhfuil meath ar chóiríocht teaghlaigh mar riosca don ghnó?
   - An bhfuil aon mholtaí agat maidir leis an riosca seo a mhaolú?
   - An bhfeiceann tú conas a d'fhéadfadh an Roinn cabhrú leis na deacrachtaí le níos mó sealbhóirí tí a mhealladh?
7. An gá an tsamhail reatha a nuachóiriú?
8. I do thaithí féin, cad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le gach cineál cóiríochta ó thaobh na scoláirí de?
   - Meas tú, an úsáideann nó an gcleachtann na scoláirí níos mó Gaeilge i gceachtar den dá chineál cóiríochta?
   - An dtugann tú faoi deara aon difríochtaí i dtorthaí Gaeilge na scoláirí a fhanann i gceachtar den dá cineál cóiríochta?
   - Ag cur san áireamh an ama teagmhála a bhíonn ag scoláirí leis an gColáiste le hais an teaghlaigh, an bhfuil tionchar níos mó ag éiteas an Choláiste ar na torthaí teanga ná mar atá ag na sealbhóirí tí?
   - Dá mbeadh ort cineál amháin cóiríochta a roghnú cé acu a roghnófá?
9. Cá bhfeiceann tú an riosca sa ghnó 5 bliana uaidh seo agus cad ba cheart a dhéanamh chun an riosca seo a chosc, a mhaolú nó a bhainistiú?
10. Cad iad na cúig bhac is mó a choisceann sealbhóirí tí dul isteach sa ghnó?
    - Cad a deir sealbhóirí tí leat nuair a fhiosraíonn tú an bhfuil siad ar fáil le scoláirí a choinneáil?
11. An bhfuil aon tuairimí eile agat maidir leis na cineálacha éagsúla cóiríochta nó na dúshláin don todhchaí?

## Aguisín B: Ceisteanna d'agallaimh na n-iarscoláirí

1. An bhféadfá a rá liom go garbh thart ar cé mhéad cúrsa Gaeltachta ar fhreastail tú orthu agus an cineál lóistín ar fhan tú ann?
2. Maidir le fanacht le sealbhóir tí, cad iad na gnéithe dearfacha a bhí ann?
3. An raibh aon ghnéithe diúltacha ann?
4. Maidir le fanacht i mbrú / suanliosanna, cad iad na gnéithe dearfacha?
5. An raibh aon ghnéithe diúltacha ann?
6. An bhfuil saghas amháin lóistín níos fearr ná an ceann eile an dóigh leat nuair a dhéanann tú comparáid eatarthu? Má tá, cén bealach? An raibh an dá chineál lóistín go maith?
7. Maidir leis an méid Gaeilge a d'fhoghlaim tú, ar thug tú faoi deara aon difríocht idir an dá chineál lóistín?
8. Maidir le húsáid na Gaeilge agus tú ar an gcúrsa, ar úsáid tú níos mó Gaeilge i saghas amháin lóistín ná an ceann eile? Cad é an rud is mó a d'imir tionchar ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den chúrsa?
9. Dá mbeadh ort cineál amháin lóistín a roghnú thar an gceann eile, cé acu a roghnófá agus cén fáth?
10. An bhfuil aon tuairimí eile gur mhaith leat a chur in iúl maidir leis na cineálacha éagsúla lóistín?


## Aguisín C: Ceisteanna d'agallaimh le hoifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar lóistín ar chúrsaí Gaeltachta

- Cén ról atá ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn feasta) / Údarás na Gaeltachta (ÚnaG feasta) maidir le cúrsaí cóiríochta ar chúrsaí Gaeltachta?
- An eol don Roinn/ ÚnaG faoi cé chomh héasca nó dúshlánach is atá sé cóiríocht a aimsiú i gceantair Ghaeltachta éagsúla?
- An eol don Roinn/ ÚnaG faoi cé chomh héasca nó dúshlánach is atá sé sealbhóir tí a aimsiú i gceantair Ghaeltachta éagsúla?
- Cad iad na bacanna is mó atá i gcoinne úinéirí tí/teaghlaigh dul isteach sa ghnó?
- Sna háiteanna ina bhfuil sé dúshlánach sealbhóirí tí a aimsiú an bhfuil aon mholtaí nó tuairimí ag an Roinn/ÚnaG maidir le réiteach a fháil ar an gceist?
- An bhfuil aon ról ag an Roinn/ÚnaG i réiteach nó maolú ar na dúshláin atá i gceist do thodhchaí na gCúrsaí Gaeilge ar leithinis Chorca Dhuibhne?
- An bhfuil staitisticí ag an Roinn/ÚnaG maidir leis an mbriseadh síos idir chóiríocht teaghlaigh agus brú sna ceantair éagsúla?
- An bhfuil dearcadh nó polasaí ag an Roinn/ÚnaG maidir leis an gcineál cóiríochta (sealbhóirí tí nó brú) a chuirtear ar fáil do scoláirí ar chúrsaí Gaeltachta?
- An bhfuil cineál amháin cóiríochta níos fearr maidir le foghlaim na Gaeilge? Cén fáth, meas tú?
- Cá bhfeiceann tú an riosca sa ghnó 5 bliana uaidh seo agus cad ba cheart a dhéanamh chun an riosca seo a chosc, a mhaolú nó a bhainistiú? An bhfuil ról ag an Roinn/ÚnaG anseo?
- An bhfuil aon tuairimí eile agat maidir leis na cineálacha éagsúla lóistín nó na dúshláin don todhchaí?
- An tábhacht a bhaineann leis na Coláistí Samhraidh dos na heagraíochtaí pobalbhunaithe, don cheantar, do gheilleagar na leithinse, do phoist a choimeád agus a chruthú, d'infheistíocht sa Ghaeltacht. Ceisteanna móra tromchúiseacha atá anseo a bhaineann leis an teanga a shealbhú agus a chaomhnú. Cén tuiscint atá agat ag an Roinn/ÚnaG air seo.


## Aguisín D: Anailís an daonáirimh

Deineadh anailís ar shonraí ábhartha as Daonáireamh 2016. Deineadh an anailís seo do gach limistéar as a dtagann na mná tí dosna Coláistí aonaracha. Seo iad na torthaí.


### Baile an Fheirtéaraigh





Tugtar le fios sa léaráid seo de struchtúr an daonra go bhféadfadh an líon óstach a theastaíonn, ó thaobh aoise agus méide araon, a bheith ar fáil sa mheántréimhse. Is ó chohórt na mban os cionn 40 bliain den chuid is mó a bhíonn na hóstaigh agus tá a lán daoine sa chohórt seo faoi láthair. Is léir, áfach, go mbeidh deacrachtaí ann san fhadtréimhse. Is féidir a thuar ón laghdú daonra san aoisghrúpa 20-30 bliain go dtiocfaidh laghdú ar an daonra sa todhchaí agus is féidir é seo a thuar ó na haoisghrúpaí óga atá níos lú ná aoisghrúpaí eile mar gheall, b'fhéidir, ar rátaí clannmhaireachta a bheith ag titim.




Maidir le stádas pósta, agus bunaithe ar thaithí, is lú an dóchúlacht go mbeadh daoine singile ina n-óstaigh. Tugtar le fios sna líonta sna catagóirí eile, áfach, go mbeadh dóthain soláthraithe féideartha ann chun freastal ar an líon óstach a theastaíonn dá bhféadfaí go leor díobh a mhealladh chuig an ról.





D'fhéadfadh deacracht eile a bheith ann mar gheall ar an líon daoine ar cainteoirí rialta Gaeilge iad. Is cosúil nach deacracht é seo sa cheantar seo, áit a bhfuil mionlach beag bídeach nach labhraíonn an Ghaeilge riamh agus céatadán ard daoine a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil i gcomhthéacs pobail.





Bíonn tionchar ag an gcéim ag a bhfuil teaghlach i saolré an teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh daoine aonair ina n-óstaigh. Bunaithe ar thaithí, tá dóchúlacht beagáinín níos lú ann go dtabharfaidh na teaghlaigh seo a leanas faoin ról seo: teaghlaigh nach bhfuil páistí acu fós, teaghlaigh a bhfuil páistí réamhscoile acu nó teaghlaigh a bhfuil páistí i mblianta tosaigh na bunscoile acu. Sa chás seo, áfach, tá líon mór teaghlach sna catagóirí eile; mar sin, ní thugann struchtúr shaolré an teaghlaigh le fios go bhfuil deacracht mhór ann faoin gcritéar seo. Is léir go bhfuil an daonra ag dul in aois, áfach, ón líon mór teaghlach ar daoine fásta iad, ina bhfuil na páistí fásta agus imithe ón mbaile nó ina bhfuil na baill teaghlaigh ar scor.





Féadann tionchar a bheith ag an gcineál teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh sé ina theaghlach óstach. Bunaithe ar thaithí, is mó seans go mbeidh lánúineacha a bhfuil páistí nó nach bhfuil páistí acu níos sásta a bheith ina n-óstaigh, ach tá teaghlaigh óstacha ann freisin ina bhfuil baintreacha agus roinnt teaghlach ina bhfuil daoine singile. Is cosúil go bhfuil dóchúlacht beagáinín níos mó ann go mbeidh na teaghlaigh siúd nach bhfuil paistí acu sásta a bheith ina n-óstaigh. Arís, tá dóthain teaghlach sna catagóirí ar mó seans go mbeidh teaghlaigh óstacha iontu chun dóthain óstach a chur ar fáil má bhíonn na rátaí rannpháirtíochta sách ard.



Cé nach táscaire absalóideach é ar chor ar bith, d'fhéadfaí a rá i gcás stoc tithíochta beagáinín níos nuaí go bhféadfaí lóistín a chur ar fáil do mhic léinn gan athchóiriú mór a dhéanamh. Mar is léir ón léaráid seo, tógadh formhór na dtithe ó 1970 i leith, agus tógadh líon an-mhór idir 2001 agus 2010. Is cosúil, mar sin, nár chóir go mbeadh aois an stoic tithíochta ina constaic mhór sa cheantar seo.





Arís, cé nach táscaire absalóideach é, is é is dóichí go ndéanfaidh daoine ar úinéirí tí iad an obair riachtanach chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Sa chás seo, ba chóir nach mbeadh deacrachtaí ar bith ann mar tá formhór mór na dteaghlach ina gcónaí i dtithe ar leo féin iad agus gan morgáiste le híoc.





D'fhéadfadh an líon seomraí i dteach a bheith ina tháscaire freisin maidir leis an dóchúlacht go mbeadh an teaghlach in ann a bheith mar theaghlach óstach. Sa chomhthéacs seo, áirítear le seomraí gach seomra inarbh fhéidir le teaghlach cur fúthu ach ní áirítear seomraí folctha, cistinéid, seomraí fóntais, seomraí comhairliúcháin, oifigí, siopaí, hallaí, cinn staighre ná seomraí nach féidir a úsáid ach i gcomhair stórála, amhail almóirí. Mar sin, is dócha go mbeidh 3 sheomra leapa i dteach ina bhfuil 5 sheomra. Ba cheart a lua go bhfuil cúig sheomra nó níos mó ná sin i bhformhór mór na dtithe agus tugann sé seo le fios go bhfuil líon leordhóthanach tithe ann ina bhfuil dóthain spáis chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn.

## Achoimre

Sa tuarascáil seo, cuireadh roinnt tosca déimeagrafacha san áireamh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar teaghlach óstach. Tríd is tríd, níor tugadh le fios sa phróifíl dhéimeagrafach go mbeadh aon dúshláin mhóra ann go luath amach anseo, ach is dócha go mbeidh impleachtaí fadtréimhseacha ag an bpróifíl aoise dhéimeagrafach atá ag athrú. Tá cúpla caveat ann, áfach. Ar an gcéad dul síos, bailíodh na sonraí seo i mí Aibreáin 2016; mar sin tá siad i bhfad as dáta. Ar an dara dul síos, níor mhór do theaghlach cuid de na critéir a leagtar amach thuas a shásamh le gur dhócha go mbeadh siad ina dteaghlach óstach. Ní féidir a rá cé mhéad teaghlach a shásóidh na critéir éagsúla sin. Déantar an anailís ar bhonn daonra iomlán, mar sin, agus cuirtear eolas ar fáil dá bhrí sin nach bhfuil chomh hiontaofa leis an eolas a gheofaí i suirbhé ar theaghlaigh aonair.





### Ceann Trá





Tugtar le fios sa léaráid seo de struchtúr an daonra go bhféadfadh an líon óstach a theastaíonn, ó thaobh aoise agus méide araon, a bheith ar fáil sa mheántréimhse. Cé gur ábhar imní í an titim sa daonra don aoisghrúpa 20-30 bliain, ar an mórgóir tá cothromaíocht mhaith i struchtúr an daonra agus

ní thugann sé seo le fios go bhfuil an daonra ag dul in aois go tapa. Cé gur cinnte go bhfuil ísliú sna cohóirt mheánaosta, tá na cohóirt níos óige cuibheasach láidir. Mar sin féin, is léir go bhfuil laghdú ag teacht ar an daonra tríd is tríd ach go bhféadfadh sé seo cobhsú, bíodh is go mbeadh an leibhéal ní b’ísle ná mar a bhí roimhe seo.


Maidir le stádas pósta, a bhfuil baint aige lenár dtaithí gur lú seans go mbeadh daoine singile ina n-óstaigh, cé go bhfuil líon mór daoine singile sa cheantar, tá na líonta sna catagóirí eile sách ard lena thabhairt le fios go bhfuil dóthain soláthraithe féideartha ann chun freastal ar an líon teaghlach a theastaíonn, fad is gur féidir iad a mhealladh chuig an ról.





D’fhéadfadh deacracht eile a bheith ann mar gheall ar an líon daoine ar cainteoirí rialta Gaeilge iad. Is cosúil nach deacracht é seo sa cheantar seo mar cé go bhfuil mionlach beag ann a labhraíonn an Ghaeilge níos lú ná uair amháin sa tseachtain, labhraíonn líon mór daoine an Ghaeilge ar bhonn laethúil i gcomhthéacs pobail. Ba chóir a lua, áfach, gur aithníodh an ceantar seo sa suirbhé cuimsitheach teangeolaíochta (Ó Giollagáin & Charlton, 2015; Ó Giollagáin et al., 2007) mar limistéar Chatagóir C ina labhraíonn níos lú ná 45% den daonra an Ghaeilge ar bhonn laethúil.





Bíonn tionchar ag an gcéim ag a bhfuil teaghlach i saolré an teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh daoine aonair ina n-óstaigh. Bunaithe ar thaithí, tá dóchúlacht níos lú ann go dtabharfaidh na teaghlaigh seo a leanas faoin ról seo: teaghlaigh nach bhfuil páistí acu fós, teaghlaigh a bhfuil páistí réamhscoile acu nó teaghlaigh a bhfuil páistí i mblianta tosaigh na bunscoile acu. Sa chás seo, áfach, tá líon mór teaghlach sna catagóirí eile; mar sin, ní thugann struchtúr shaolré an teaghlaigh le fios go bhfuil deacracht mhór ann faoin gcritéar seo.




Féadann tionchar a bheith ag an gcineál teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh sé ina theaghlach óstach. Bunaithe ar thaithí, is mó seans go mbeidh lánúineacha a bhfuil páistí nó nach bhfuil páistí acu níos sásta a bheith ina n-óstaigh, ach tá catagóirí eile de theaghlaigh óstacha ann freisin. Is cosúil go bhfuil dóchúlacht beagáinín níos mó ann go mbeidh na teaghlaigh siúd nach bhfuil paistí acu sásta a bheith ina n-óstaigh. Arís, tá dóthain teaghlach sna catagóirí ábhartha chun dóthain óstach a chur ar fáil má bhíonn na rátaí rannpháirtíochta sách ard.





Cé nach táscaire absalóideach é ar chor ar bith, d'fhéadfaí a rá i gcás stoc tithíochta beagáinín níos nuaí go bhféadfaí lóistín a chur ar fáil do mhic léinn gan athchóiriú mór a dhéanamh. Mar is léir ón léaráid seo, tógadh formhór na dtithe ó 1970 i leith, agus tógadh líon an-mhór idir 2001 agus 2010. Is cosúil, mar sin, nár chóir go mbeadh aois an stoic tithíochta ina constaic mhór sa cheantar seo.




Arís, cé nach táscaire absalóideach é, is é is dóichí go ndéanfaidh daoine ar úinéirí tí iad an obair riachtanach chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Sa chás seo, ba chóir nach mbeadh mórán deacrachtaí ann mar, cé go bhfuil roinnt tithe á ligean ar cíos, tá a bhformhór mór úinéir-áitithe agus tá grúpa óstach féideartha ar fáil dá bharr. Ba chóir a lua, áfach, gur léir ón líon tithe nach bhfuil morgáiste le híoc astu go bhfuil daonra níos sine ann.

D'fhéadfadh an líon seomraí i dteach a bheith ina tháscaire freisin maidir leis an dóchúlacht go mbeadh an teaghlach in ann a bheith mar theaghlach óstach. Sa chomhthéacs seo, áirítear le seomraí gach seomra inarbh fhéidir le teaghlach cur fúthu ach ní áirítear seomraí folctha, cistinéid, seomraí fóntais, seomraí comhairliúcháin, oifigí, siopaí, hallaí, cinn staighre ná seomraí nach féidir a úsáid ach i gcomhair stórála, amhail almóirí. Mar sin, is dócha go mbeidh 3 sheomra leapa i dteach ina bhfuil 5 sheomra. Ba cheart a lua go bhfuil cúig sheomra nó níos mó ná sin i bhformhór mór na dtithe agus


tugann sé seo le fios go bhfuil líon leordhóthanach tithe ann ina bhfuil dóthain spáis chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn.





## Achoimre

Sa tuarascáil seo, cuireadh roinnt tosca déimeagrafacha san áireamh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar teaghlach óstach. Tríd is tríd, níor tugadh le fios sa phróifíl dhéimeagrafach go mbeadh aon dúshláin mhóra ann óna thaobh sin de, ach tá tosca áirithe ann a d'fhéadfadh roinnt deacrachtaí a chruthú sa todhchaí. Tá cúpla caveat ann, áfach. Ar an gcéad dul síos, bailíodh na sonraí seo i mí Aibreáin 2016; mar sin tá siad i bhfad as dáta. Ar an dara dul síos, níor mhór do theaghlach cuid de na critéir a leagtar amach thuas a shásamh le gur dhócha go mbeadh siad ina dteaghlach óstach. Ní féidir a rá cé mhéad teaghlach a shásóidh na critéir éagsúla sin. Déantar an anailís ar bhonn daonra iomlán, mar sin, agus cuirtear eolas ar fáil dá bhrí sin nach bhfuil chomh hiontaofa leis an eolas a gheofaí i suirbhé ar theaghlaigh aonair.

## An Fheothanach






Tugtar le fios sa léaráid seo de struchtúr an daonra go bhféadfadh deacracht a bheith ann an líon óstach a theastaíonn, ó thaobh aoise agus méide araon, a earcú sa mheántréimhse. Is léir go bhfuil an daonra seo ag dul in aois agus tugtar le fios sna líonta sna haoisghrúpaí óga nach mbeidh dóthain teaghlach sa cheantar sa todhchaí chun líon leordhóthanach teaghlaigh óstacha is féidir a earcú a chur ar fáil.





Maidir le stádas pósta, bunaithe ar an tuiscint gur lú an dóchúlacht go mbeadh daoine singile ina n-óstaigh, agus cé go bhfuil líon mór daoine singile sa cheantar, tá na líonta sna catagóirí eile sách ard lena thabhairt le fios go bhfuil dóthain soláthraithe féideartha ann, fad is gur féidir céatadán leordhóthanach díobh a mhealladh chuig an ról. Mar a luadh thuas, áfach, d'fhéadfadh an fhadhb seo éirí níos measa sa todhchaí.

D'fhéadfadh deacracht eile a bheith ann mar gheall ar an líon daoine ar cainteoirí rialta Gaeilge iad. Is cosúil nach deacracht é seo sa cheantar seo, áit a bhfuil mionlach beag bídeach nach labhraíonn an Ghaeilge riamh agus céatadán ard daoine a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil i gcomhthéacs pobail.






Bíonn tionchar ag an gcéim ag a bhfuil teaghlach i saolré an teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh daoine aonair ina n-óstaigh. Bunaithe ar thaithí, tá dóchúlacht beagáinín níos lú ann go dtabharfaidh na teaghlaigh seo a leanas faoin ról seo: teaghlaigh nach bhfuil páistí acu fós, teaghlaigh a bhfuil páistí réamhscoile acu nó teaghlaigh a bhfuil páistí i mblianta tosaigh na bunscoile acu. Sa chás seo, áfach, tá líon mór teaghlach sna catagóirí eile; mar sin, ní thugann struchtúr shaolré an teaghlaigh le fios go bhfuil deacracht mhór ann faoin gcritéar seo sa ghearrthréimhse.





Féadann tionchar a bheith ag an gcineál teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh sé ina theaghlach óstach. Bunaithe ar thaithí, is mó seans go mbeidh lánúineacha a bhfuil páistí nó nach bhfuil páistí acu níos sásta a bheith ina n-óstaigh, agus gurb iad na teaghlaigh nach bhfuil páistí acu na cinn is dóchúla den dá chatagóir seo. Arís, tá dóthain teaghlach sa dá chatagóir seo chun dóthain óstach a chur ar fáil má bhíonn na rátaí rannpháirtíochta sách ard, sa ghearrthréimhse ar a laghad.



Cé nach táscaire absalóideach é ar chor ar bith, d'fhéadfaí a rá i gcás stoc tithíochta beagáinín níos nuaí go bhféadfaí lóistín a chur ar fáil do mhic léinn gan athchóiriú mór a dhéanamh. Mar is léir ón léaráid seo, tógadh formhór na dtithe ó 1970 i leith, agus tógadh líon an-mhór idir 2001 agus 2010. Is cosúil, mar sin, nár chóir go mbeadh aois an stoic tithíochta ina constaic mhór sa cheantar seo.




Arís, cé nach táscaire absalóideach é, is é is dóichí go ndéanfaidh daoine ar úinéirí tí iad an obair riachtanach chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Sa chás seo, ba chóir nach mbeadh mórán deacrachtaí ann líon leordhóthanach teaghlaigh óstacha fhéideartha a sholáthar mar tá formhór mór na dtithe úinéir-áitithe agus i gcás cuid mhaith acu níl morgáiste le híoc, rud a thugann daonra níos sine le fios freisin.





D'fhéadfadh an líon seomraí i dteach a bheith ina tháscaire freisin maidir leis an dóchúlacht go mbeadh an teaghlach in ann a bheith mar theaghlach óstach. Sa chomhthéacs seo, áirítear le seomraí gach seomra inarbh fhéidir le teaghlach cur fúthu ach ní áirítear seomraí folctha, cistineacha, seomraí fóntais, seomraí comhairliúcháin, oifigí, siopaí, hallaí, cinn staighre ná seomraí nach féidir a úsáid ach i gcomhair stórála, amhail almóirí. Mar sin, is dócha go mbeidh 3 sheomra leapa i dteach ina bhfuil 5 sheomra. Ba cheart a lua go bhfuil cúig sheomra nó níos mó ná sin i bhformhór mór na dtithe agus tugann sé seo le fios go bhfuil líon leordhóthanach tithe ann ina bhfuil dóthain spáis chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn.


## Achoimre

Sa tuarascáil seo, cuireadh roinnt tosca déimeagrafacha san áireamh a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar teaghlach óstach. Ar an mórgóir, tugtar le fios sa phróifíl dhéimeagrafach go bhféadfadh dúshláin mhóra a bheith roimh an gceantar seo sa mheántréimhse, ach sa ghearrthréimhse tá tosca ann a d’fhéadfadh a bheith mar bhun le daonra cuí . Tá cúpla caveat ann, áfach. Ar an gcéad dul síos, bailíodh na sonraí seo i mí Aibreáin 2016; mar sin tá siad i bhfad as dáta. Ar an dara dul síos, níor mhór do theaghlach cuid de na critéir a leagtar amach thuas a shásamh le gur dhócha go mbeadh siad ina dteaghlach óstach. Ní féidir a rá cé mhéad teaghlach a shásóidh na critéir éagsúla sin. Déantar an anailís ar bhonn daonra iomlán, mar sin, agus cuirtear eolas ar fáil dá bhrí sin nach bhfuil chomh hiontaofa leis an eolas a gheofaí i suirbhé ar theaghlaigh aonair.


### An Mhuiríoch





Tugtar le fios sa léaráid seo de struchtúr an daonra gur lú an seans, ó thaobh aoise agus méide araon, go mbeidh an líon óstach a theastaíonn ar fáil sa mheántréimhse. Tugtar le fios sa líon íseal daoine sna haoisghrúpaí óga agus i measc ban go háirithe gur féidir laghdú daonra san fhadtréimhse a thuar. Tá formhór an daonra san aoischohórt idir 50 agus 70 bliain, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil an daonra ag dul in aois.



Maidir le stádas pósta, a bhfuil baint aige lenár dtaithí gur lú seans go mbeadh daoine singile ina n-óstaigh, cé go bhfuil líon mór daoine singile sa cheantar, tá na líonta sna catagóirí eile sách ard lena thabhairt le fios go bhfuil dóthain soláthraithe féideartha ann chun freastal ar an líon teaghlach a theastaíonn go luath amach anseo, fad is gur féidir go leor díobh a mhealladh chuig an ról.






D'fhéadfadh deacracht eile a bheith ann mar gheall ar an líon daoine ar cainteoirí rialta Gaeilge iad. Is cosúil nach deacracht é seo sa cheantar seo, mar cé go bhfuil mionlach beag ann a labhraíonn an Ghaeilge níos lú ná uair amháin sa tseachtain, tá líon mór daoine ann a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil i gcomhthéacs pobail.




Bíonn tionchar ag an gcéim ag a bhfuil teaghlach i saolré an teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh daoine aonair ina n-óstaigh. Bunaithe ar thaithí, tá dóchúlacht níos lú ann go dtabharfaidh na teaghlaigh seo a leanas faoin ról seo: teaghlaigh nach bhfuil páistí acu fós, teaghlaigh a bhfuil páistí réamhscoile acu nó teaghlaigh a bhfuil páistí i mblianta tosaigh na bunscoile acu. Sa chás seo, áfach, tá líon mór teaghlach sna catagóirí eile; mar sin, ní thugann struchtúr shaolré an teaghlaigh le fios go bhfuil deacracht mhór ann faoin gcritéar seo sa ghearrthréimhse. Ní mór a lua, áfach, go dtugtar le fios i bpróifíl shaolré an teaghlaigh go bhfuil an daonra ag dul in aois agus go bhfuil líon mór teaghlach ann ar daoine fásta iad, ina bhfuil na páistí fásta agus imithe ón mbaile, ina bhfuil na baill teaghlaigh ar scor nó, i líon beag cásanna, nach bhfuil páistí acu fós.

Féadann tionchar a bheith ag an gcineál teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh sé ina theaghlach óstach. Bunaithe ar thaithí, is mó seans go mbeidh lánúineacha a bhfuil páistí nó nach bhfuil páistí acu níos sásta a bheith ina n-óstaigh. Tá dóchúlacht beagáinín níos mó ann go mbeidh na teaghlaigh siúd nach bhfuil paistí acu sásta a bheith ina n-óstaigh. Arís, tá dóthain teaghlach sna catagóirí ábhartha chun dóthain óstach a chur ar fáil má bhíonn na rátaí rannpháirtíochta sách ard.




Cé nach táscaire absalóideach é ar chor ar bith, d'fhéadfaí a rá i gcás stoc tithíochta beagáinín níos nuaí go bhféadfaí lóistín a chur ar fáil do mhic léinn gan athchóiriú mór a dhéanamh. Mar is léir ón léaráid seo, tógadh formhór na dtithe ó 1970 i leith, agus tógadh líon an-mhór idir 2001 agus 2010. Is cosúil, mar sin, nár chóir go mbeadh aois an stoic tithíochta ina constaic mhór sa cheantar seo.




Arís, cé nach táscaire absalóideach é, is é is dóichí go ndéanfaidh daoine ar úinéirí tí iad an obair riachtanach chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Sa chás seo, ba chóir nach mbeadh mórán deacrachtaí ann mar, cé go bhfuil roinnt tithe á ligean ar cíos, tá a bhformhór mór úinéir-áitithe agus tá grúpa óstach féideartha ar fáil dá bharr. Ní mór a lua freisin nach bhfuil morgáiste le híoc i bhformhór mór na dtithe úinéir-áitithe, comhartha eile go bhfuil an daonra ag dul in aois.





D'fhéadfadh an líon seomraí i dteach a bheith ina tháscaire freisin maidir leis an dóchúlacht go mbeadh an teaghlach in ann a bheith mar theaghlach óstach. Sa chomhthéacs seo, áirítear le seomraí gach seomra inarbh fhéidir le teaghlach cur fúthu ach ní áirítear seomraí folctha, cistinéid, seomraí fóntais, seomraí comhairliúcháin, oifigí, siopaí, hallaí, cinn staighre ná seomraí nach féidir a úsáid ach i gcomhair stórála, amhail almóirí. Mar sin, is dócha go mbeidh 3 sheomra leapa i dteach ina bhfuil 5 sheomra. Ba cheart a lua go bhfuil cúig sheomra nó níos mó ná sin i bhformhór mór na dtithe agus tugann sé seo le fios go bhfuil líon leordhóthanach tithe ann ina bhfuil dóthain spáis chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Tá an líon tithe ina bhfuil níos mó ná 5 sheomra beagáinín níos lú ná mar atá i roinnt ceantair eile, áfach.

## Achoimre


Sa tuarascáil seo, cuireadh roinnt tosca déimeagrafacha san áireamh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar teaghlach óstach. Tríd is tríd, tugadh le fios sa phróifíl dhéimeagrafach go mbeidh dúshláin mhóra sa cheantar seo sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse toisc go bhfuil an daonra beag agus ag dul in aois. Cé nach bhfuil sé lag ó thaobh na bparaiméadar eile de, tá an deacracht maidir le próifíl aoise an daonra suntasach. Tá cúpla caveat ann, áfach. Ar an gcéad dul síos, bailíodh na sonraí seo i mí Aibreáin 2016; mar sin tá siad i bhfad as dáta. Ar an dara dul síos, níor mhór do theaghlach cuid de na critéir a leagtar amach thuas a shásamh le gur dhócha go mbeadh siad ina dteaghlach óstach. Ní féidir a rá cé mhéad teaghlach a shásóidh na critéir éagsúla sin. Déantar an anailís ar bhonn daonra iomlán, mar sin, agus cuirtear eolas ar fáil dá bhrí sin nach bhfuil chomh hiontaofa leis an eolas a gheofaí i suirbhé ar theaghlaigh aonair.

### Coláiste na Minairde





Tugtar le fios sa léaráid seo de struchtúr an daonra go bhféadfadh an líon óstach a theastaíonn, ó thaobh aoise agus méide araon, a bheith ar fáil sa mheántréimhse. Tá cothromaíocht mhaith i struchtúr an daonra agus ní thugann sé seo le fios go bhfuil an daonra ag dul in aois go háirithe.


Ba cheart a lua, áfach, go bhfuil laghdú mór tagtha ar na cohóirt níos óige agus go bhféadfadh dúshláin a bheith ann san fhadtréimhse mar gheall air seo.





Maidir le stádas pósta, a bhfuil baint aige lenár dtaithí gur lú seans go mbeadh daoine singile ina n-óstaigh, cé go bhfuil líon mór daoine singile sa cheantar, tá na líonta sna catagóirí eile sách ard lena thabhairt le fios go bhfuil dóthain soláthraithe féideartha ann chun freastal ar an líon teaghlach a theastaíonn, fad is gur féidir céatadán leordhóthanach díobh a mhealladh chuig an ról.





D'fhéadfadh deacracht eile a bheith ann mar gheall ar an líon daoine ar cainteoirí rialta Gaeilge iad. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhun le deacracht sa cheantar seo, mar cé go bhfuil mionlach suntasach ann a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil i gcomhthéacs pobail, tá mionlach eile ann, bíodh is go bhfuil sé níos lú, a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn seachtainiúil i gcomhthéacs pobail. Tá an líon daoine a labhraíonn an Ghaeilge i gcomhthéacs pobail agus i gcomhthéacs oideachasúil araon íseal, áfach, agus d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann sa todhchaí dá bharr. Lena chois sin, is iad an cohórt is mó freagróirí ná na daoine siúd a labhraíonn an Ghaeilge níos annaimhe ná uair amháin sa tseachtain i gcomhthéacs pobail, agus is comhartha eile é seo go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann san fhadtréimhse.





Bíonn tionchar ag an gcéim ag a bhfuil teaghlach i saolré an teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh daoine aonair ina n-óstaigh. Bunaithe ar thaithí, tá dóchúlacht beagáinín níos lú ann go dtabharfaidh na teaghlaigh seo a leanas faoin ról seo: teaghlaigh nach bhfuil páistí acu fós, teaghlaigh a bhfuil páistí réamhscoile acu nó teaghlaigh a bhfuil páistí i mblianta tosaigh na bunscoile acu. Sa chás seo, áfach, tá líon mór teaghlach sna catagóirí eile; mar sin, ní thugann struchtúr shaolré an teaghlaigh le fios go bhfuil deacracht mhór ann faoin gcritéar seo.





Féadann tionchar a bheith ag an gcineál teaghlaigh freisin ar an dóchúlacht go mbeidh sé ina theaghlach óstach. Bunaithe ar thaithí, is mó seans go mbeidh lánúineacha a bhfuil páistí nó nach bhfuil páistí acu níos sásta a bheith ina n-óstaigh, ach tá teaghlaigh óstacha ann freisin ina bhfuil baintreacha agus daoine singile. Tá dóchúlacht beagáinín níos mó ann go mbeidh na teaghlaigh siúd nach bhfuil paistí acu sásta a bheith ina n-óstaigh. Arís, tá dóthain teaghlach sna catagóirí seo chun dóthain óstach a chur ar fáil má bhíonn na rátaí rannpháirtíochta sách ard.




Cé nach táscaire absalóideach é ar chor ar bith, d'fhéadfaí a rá i gcás stoc tithíochta beagáinín níos nuaí go bhféadfaí lóistín a chur ar fáil do mhic léinn gan athchóiriú mór a dhéanamh. Mar is léir ón léaráid seo, tógadh formhór na dtithe ó 1970 i leith, agus tógadh líon an-mhór idir 2001 agus 2010. Is cosúil, mar sin, nár chóir go mbeadh aois an stoic tithíochta ina constaic mhór sa cheantar seo.




Arís, cé nach táscaire absalóideach é, is é is dóichí go ndéanfaidh daoine ar úinéirí tí iad an obair riachtanach chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn. Sa chás seo, ba chóir nach mbeadh mórán deacrachtaí ann mar, cé go bhfuil líon mór tithe á ligean ar cíos, tá a bhformhór úinéir-áitithe agus tá grúpa óstach féideartha ar fáil dá bharr.




D'fhéadfadh an líon seomraí i dteach a bheith ina tháscaire freisin maidir leis an dóchúlacht go mbeadh an teaghlach in ann a bheith mar theaghlach óstach. Sa chomhthéacs seo, áirítear le seomraí gach seomra inarbh fhéidir le teaghlach cur fúthu ach ní áirítear seomraí folctha, cistinéid, seomraí fóntais, seomraí comhairliúcháin, oifigí, siopaí, hallaí, cinn staighre ná seomraí nach féidir a úsáid ach i gcomhair stórála, amhail almóirí. Mar sin, is dócha go mbeidh 3 sheomra leapa i dteach ina bhfuil 5 sheomra. Ba cheart a lua go bhfuil cúig sheomra nó níos mó ná sin i bhformhór mór na dtithe agus tugann sé seo le fios go bhfuil líon leordhóthanach tithe ann ina bhfuil dóthain spáis chun lóistín a chur ar fáil do mhic léinn.

## Achoimre


Sa tuarascáil seo, cuireadh roinnt tosca déimeagrafacha san áireamh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar teaghlach óstach. Tríd is tríd, níor tugadh le fios sa phróifíl dhéimeagrafach go mbeadh aon dúshláin mhóra ann óna thaobh sin de sa ghrearrthréimhse, ach tá tosca áirithe ann a d'fhéadfadh roinnt deacrachtaí a chruthú sa todhchaí, lena n-áirítear laghdú ar mhéid an daonra agus níos lú daoine ag labhairt na Gaeilge i gcomhthéacs pobail. Tá cúpla caveat ann, áfach. Ar an gcéad dul síos, bailíodh na sonraí seo i mí Aibreáin 2016; mar sin tá siad i bhfad as dáta. Ar an dara dul síos, níor mhór do theaghlach cuid de na critéir a leagtar amach thuas a shásamh le gur dhócha go mbeadh siad ina dteaghlach óstach. Ní féidir a rá cé mhéad teaghlach a shásóidh na critéir éagsúla sin. Déantar an anailís ar bhonn daonra iomlán, mar sin, agus cuirtear eolas ar fáil dá bhrí sin nach bhfuil chomh hiontaofa leis an eolas a gheofaí i suirbhé ar theaghlaigh aonair.

## Achoimre fhoriomlán

Ag cur gach rud san áireamh maidir leis an daonáireamh, is féidir a rá nach mbeadh súil le dúshlán ollmhór mná tí agus fir thí le háiseanna cuimsitheacha agus cumas sásúil Gaeilge a earcú. Mar a thaispeánann fianaise eile, áfach, ní mar sin atá an scéal agus ní féidir brath ar an anailís thuas chun freagra iontaofa a fháil.


## Anailís ar aoiseanna na mná tí atá ann faoi láthair

Tá mná tí ann faoi láthair ag cur lóistín ar fáil dosna daltaí a bhíonn ag freastal ar Choláistí Corca Dhuibhne. Sin ceart go leor. Ach, nuair a dheintear anailís ar aoiseanna na mban tí sin tagann cor difriúil chun cinn. Seo iad na figiúirí.




Taispeánann an léaráid seo go bhfuil beagnach 60% de na mná tí atá ann faoi láthair seasca bliain d'aois nó níos mó ná sin, agus go bhfuil 40% seasca a cúig bliain d'aois nó os a chionn. Taispeánann sé freisin nach bhfuil mná tí nua ag teacht isteach sa chóras agus beidh tuilleadh le rá faoi sin níos déanaí sa tuairisc seo.

Muna dtarlaíonn mórearcú sásúil, beidh cúrsaí ag dul in olcas. Taispeánann an léaráid seo leanas struchtúir aoise na mBan Tí laistigh de chúig bliana gan earcú.




Léiríonn sé seo go mbeidh méadú mór i gcéatadán na mban tí seasca a cúig bliain d'aois nó níos mó. Ag an am sin tá sé soiléir nach mbeidh an córas cóiríochta inbhuanaithe.

## Torthaí iarrachtaí Mná Tí a earcú

Le roinnt blianta anuas, tá Coláistí Corca Dhuibhne ag déanamh iarracht fir is mná a mhealladh chun cúram a thabhairt do scoláirí samhraidh ag freastal ar na coláistí. Is beag tairbhe a bhain leis na hiarrachtaí sin.

San iarracht is déanaí, cuireadh suirbhé ar bun chun eolas a bhailiú ó mhuintir na háite chun a fháil amach cé mhéad teaghlach a mbeadh suim acu páirt a ghlacadh sa chóras cóiríochta. Suirbhé gearr idirlín a bhí ann. Deineadh móriarracht nuacht faoin suirbhé a scaipeadh go forleathan agus baineadh úsáid as na meáin chumarsáide uile chomh maith le naisc phearsanta.

Is féidir a rá nár tháinig freagra sásúil ón iarracht sin. Fuarthas ocht bhfoirm líonta agus ní dúirt ach beirt go raibh aon suim acu a bheith mar bhean nó fear tí. Ní dúirt éinne den bheirt sin go raibh suim acu labhairt le ceann de na daoine i gColáistí Corca Dhuibhne atá i gceannas ar an gcóras cóiríochta.

Is róbheag é an sampla chun a rá gan dabht cad iad na bacanna a chuireann stop le daoine a bheith páirteach. Idir na bacanna a luadh, áfach, bhí modhanna ní b'éasca ann chun airgid a dhéanamh; an cur isteach ar an teaghlach; an COVID; agus an méid a íoctar leis na Mná Tí.

Is léir ó na hiarrachtaí seo agus ó iarrachtaí eile atá déanta le cúpla bliain anuas, nach bhfuil tobar sásúil ann as a dtiocfaidh mná ná fir thí sa todhchaí. B'fhéidir nach bhfuil cúrsaí mar an gcéanna in áiteacha eile. Caithfear a chur san áireamh, áfach, gur áit mhór turasóireachta é an limistéar sin agus go bhfuil an Daingean laistigh de chúig nóiméad déag taistil agus Trá Liath laistigh d'uair thaistil. Mar sin, tá an-chuid comórtais ann ó dheiseanna fostaíochta eile atá níos buaine agus a bhfuil cuma orthu a bheith níos éasca.

## Torthaí Ceistneora Concos 2022

### TÁBLA 2

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tír Chonaill** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste TC1 | 8 | 90 | Teach | 25 | 17 | **32%** |
| | | | Leapa | 287 | 197 | **31%** |
| Coláiste TC2 | 6 | 68 | Teach | 30 | 24 | **20%** |
| | | | Leapa | 326 | 266 | **18%** |
| Coláiste TC3 | 5 | 61 | Teach | 15 | 10 | **33%** |
| | | | Leapa | 191 | 130 | **32%** |
| Coláiste TC4 | 1 | 12 | Teach | 13 | 12 | **8%** |
| | | | Leapa | 147 | 135 | **8%** |
| Coláiste TC5 | 8 | 84 | Teach | 18 | 10 | **44%** |
| | | | Leapa | 189 | 105 | **44%** |
| Coláiste TC6 | 13 | 148 | Teach | 15 | 2 | **87%** |
| | | | Leapa | 180 | 32 | **82%** |
| Coláiste TC7 | 0 | 0 | Teach | 30 | 30 | **0%** |
| | | | Leapa | 360 | 360 | **0%** |
| Coláiste TC8 | 7 | 66 | Teach | 8 | 1 | **88%** |
| | | | Leapa | 78 | 12 | **85%** |
| | **48** | **Iomlán** | **Teach** | **154** | **106** | **31%** |
| | | **Iomlán** | **Leapa** | **1758** | **1237** | **30%** |

### TÁBLA 3

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gaillimh** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste G1 | 11 | 146 | Teach | 83 | 72 | **13%** |
| | | | Leapa | 1006 | 860 | **15%** |
| Coláiste G2 | 9 | 110 | Teach | 27 | 18 | **33%** |
| | | | Leapa | 335 | 225 | **33%** |
| Coláiste G3 | 3 | 39 | Teach | 20 | 17 | **15%** |
| | | | Leapa | 259 | 220 | **15%** |
| Coláiste G4 | 2 | 37 | Teach | 10 | 8 | **20%** |
| | | | Leapa | 128 | 91 | **29%** |
| Coláiste G5 | 6 | 62 | Teach | 23 | 17 | **26%** |
| | | | Leapa | 258 | 196 | **24%** |
| Coláiste G6 | 4 | 41 | Teach | 17 | 13 | **24%** |
| | | | Leapa | 210 | 169 | **20%** |
| Coláiste G7 | 11 | 89 | Teach | 40 | 29 | **28%** |
| | | | Leapa | 442 | 353 | **20%** |
| Coláiste G8 | 19 | 228 | Teach | 53 | 34 | **36%** |
| | | | Leapa | 636 | 408 | **36%** |
| | **65** | **Iomlán** | **Teach** | **273** | **208** | **24%** |
| | | **Iomlán** | **Leapa** | **3274** | **2522** | **23%** |

**TÁBLA 4**

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ciarraí** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste C1 | *12 | 96 | Teach | 47 | 39 | **26%** |
| | | | Leapa | 509 | 413 | **28%** |

*athrú a tháinig tar éis suirbhé Concos a bheith déanta*

**TÁBLA 5**

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Corcaigh** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste Co1 | 0 | 0 | Teach | 1 | 1 | **0%** |
| | | | Leapa | 14 | 14 | **0%** |
| Coláiste Co2 | 5 | 63 | Teach | 5 | 0 | **100%** |
| | | | Leapa | 63 | 0 | **100%** |
| | **5** | **Iomlán** | **Teach** | **6** | **1** | **83%** |
| | | **Iomlán** | **Leapa** | **77** | **14** | **82%** |

**TÁBLA 6**

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Port Láirge** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste PL | 4 | 79 | Teach | 15 | 11 | **27%** |
| | | | Leaba | 180 | 93 | **48%** |

**TÁBLA 7**

| Contae | Laghdú de | | | Iomlán | Iomlán | Laghdú % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Maigh Eo** | **Teach** | **Leapa** | | **2019** | **2022** | **2019-2022** |
| Coláiste M1 | 1 | 9 | Teach | 9 | 8 | **11%** |
| | | | Leapa | 92 | 83 | **10%** |
| Coláiste M2 | 3 | 48 | Teach | 12 | 9 | **25%** |
| | | | Leapa | 148 | 100 | **32%** |
| Coláiste M3 | 8 | 92 | Teach | 23 | 15 | **35%** |
| | | | Leapa | 250 | 158 | **37%** |
| | **12** | **Iomlán** | **Teach** | **44** | **32** | **27%** |
| | | **Iomlán** | **Leapa** | **490** | **341** | **30%** |

**TÁBLA 8.** Feictear an treocht náisiúnta i dTábla 8. B'ionann an titim de 146 teach and 1,713 leapa agus laghdú de 27% idir 2019 agus 2022. Beidh impleachtaí tromchúiseacha d'earnáil na gcoláistí samhraidh mura dtagann athrú ar an staid seo sna blianta amach romhainn agus treisíonn an gá le breathnú ar mhúnla an bhrú mar bhealach sa bhreis, anuas ar lóistín le sealbhóirí tí, le freastal ar na scoláirí.

| **Laghdú iomlán de** | | **Tír Chonaill** | | **Gaillimh** | | **Ciarraí** | | **Corcaigh** | | **Port Láirge** | | **MaighEo** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teach** | **Leapa** | Teach | Leapa | Teach | Leapa | Teach | Leapa | Teach | Leapa | Teach | Leapa | Teach | Leapa |
| **146** | **1713** | 48 | 529 | 65 | 752 | 12 | 141 | 5 | 63 | 4 | 79 | 12 | 149 |